# CLÁR


Ráiteas Bunchuspóra **2**

1 Teachtaireacht ón gCathaoirleach **3**

2 Tuarascáil an Phríomh-Fheidhmeannaigh **5**

3 Tuarascáil an Stiúrthóra Míochaine **7**

CUID 01

**GNÍOMHAÍOCHT NA SEIRBHÍSÍ DEONTÓRA**

4 Gníomhaíocht Náisiúnta na Seirbhísí Deontóra **10**

5 Staitisticí Deontóra **13**

6 Gníomhaíocht Réigiúnach na Seirbhísí Deontóra **15**

CUID 02

**TUAIRISCÍ RANNÓGACHA**

7 Próiseáil agus Tástáil **22**

8 Seirbhísí Ospidéil **25**

9 Ráthú Caighdeán **27**

10 Ionad Aistriúcháin Réigiún na Mumhan **28**

11 Oifig Náisiúnta Haemafaireachais **33**

12 Clárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann **37**

13 Seirbhís Afairísis Theiripigh **39**

14 An tAonad Rianaithe Faighteoirí **40**

15 Teicneolaíocht Faisnéise **41**

16 Acmhainní Daonna **43**

17 Cumarsáid **45**

18 Airgeadas **46**

19 Rialachas Corparáideach **49**

20 Sonraí Teagmhála **52**

# RÁITEAS BUNCHUSPÓRA



Tá SFAÉ tiomanta d'fheabhas, agus sinn ag freastal ar riachtanais ár n-othar, trí ghairmiúlacht na foirne agus charthanacht na ndeontóirí atá againn.

# 01. TEACHTAIREACHT ÓN GCATHAOIRLEACH



**Maura J McGrath**
Cathaoirleach

## Ghluais Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann ar aghaidh céim ar chéim sa bhliain atá caite, agus tá gach dúshlán tábhachtach a bhíonn le sárú ag seirbhís náisiúnta fola á láimhseáil go héifeachtach againn i gcónaí.

Rinneadh dul chun cinn mór ag leibhéal na heagraíochta agus na bainistíochta, ag cur san áireamh an Phlean Straitéisigh cúig bliana a thionscain an Phríomh-Fheidhmeannach Andrew Kelly agus a fhoireann bainistíochta. Cuideoidh seo linn cruth a chur ar iompar agus ar ghníomhaíocht na foirne míochaine, clinice, saotharlainne agus riaracháin; go háirithe i gcás na ndaoine a bhfuil ról ceannasaíochta acu. Bhéarfaidh sé treoir trína aimseofar an t-sraith de spriocanna criticiúla atá aontaithe don todhchaí.

Tá na caighdeáin idirnáisiúnta is airde coinnithe ag ár Stúirthóir Míochaine, an Dr. William Murphy, i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, leis na gnáthaimh fhíordhiana a d'fheidhmigh sé i leith próiseála fola i dtimpeallacht atá ag síorathrú.

Tá sé mar thosaíocht shéaraitheach ag SFAÉ go mbeadh leorsholáthar de chomhpháirteanna fola ardchaighdeáin ann do na hospidéil. Sa bhliain dár chríoch 2004, d'éirigh linn stoic fola a choinneáil ag na leibhéil ba ghá chun riachtanais na seirbhíse sláinte a fhreastal. B'ábhar mórshásamh é seo do gach éinne a bhí bainteach leis agus táimid an-bhuíoch dár ndeontóirí as an gcion tairbhe uathúil a rinne siad.

Ach, le déine na scagthástála a rinneadh ar déo

ntóirí, ba dhúslán an-deacair dúinn na stoic fola a chothabháil i 2005. Lena chinntiú go mbeadh táirgí fola ar fáil le haghaidh éigeandálaí, bhí orainn a iarraidh ar ospidéil a gcuid máinliachta tofa a chur siar ar feadh tréimhse trí lá i mí Meithimh. Ba mhór an trua sin, agus gabhaim leithscéal gan agús le hothar ar bith a ndearnadh ciotaí dó/di an uair sin. Is é mian daingean Bhord SFAÉ nach mbeidh orainn iarratais den cineál seo a dhéanamh feasta. Ach, lena chinntiú go mbeidh go leor comhpháirteanna fola d'ardchaighdeán againn, is gá dúinn líon na ndeontóirí reatha a choinneáil agus deontóirí nua a mhealladh. Is iad deontóirí an líne tharrthála atá againn. Is uathúil a gcarthanacht. Déanann deontóirí na hÉireann cion tairbhe do sheirbhísí sláinte na tíre seo atá do-áirithe. Is mian liom a gcarthanacht a admháil agus buíochas a ghabháil leo.

*Tá mo theachtaireacht i mbliana, mar Chathaoirleach SFAÉ, simplí ach ón gcroí istigh. Tá tuilleadh deonachán de dhíth orainn. Tá siad de dhíth ar bhonn leanúnach, lena chinntiú gur féidir leis na hothair a bhfuil táirgí fola riachtanacha á n-éileamh acu an chuíchóireáil riachtanach a fháil.*

Beidh an Bord ag obair go dlúth leis an mbainistíocht feasta, ag féachaint ar mhodhanna nuálacha nua chun an teachtaireacht seo, atá simplí ach criticiúil, a thabhairt do phobal na hÉireann. Níl ach 3% den daonra ina ndeontóirí, ach bíonn 3,000 aonad de dhíth gach seachtain. Ach, le comhoibriú ár

ndeontóirí reatha, le méadú ar an líon deontóirí nua agus le dea-thoil ár n-eagraithe deonacha uile ar fud na tíre, a eagraíonn clinicí gan sos, táim dóchasach go mbeimid in ann freastal ar riachtanais na ndaoine a bhíonn ag brath orainn chun “bronntanas na beatha” a thabhairt dóibh.

I mbliana foilsíodh Tuarascáil Kubanek, a phléann leis an moill ar fhógra a thabhairt do dheontóirí idir 1991 agus 1994. Tugann an tuarascáil soiléire agus dearbhú maidir le teagmhais an ama sin. Tá an Bord tiomanta a chinntiú go gcomhlíonfar moltaí na tuarascála seo go hiomlán agus go cuimsitheach. Is céim thábhachtach í an tuarascáil i dtreo clabhsúr a chur le teagmhais an-chásmhara seo an ama atá thart.

Tá plé leanúnach ar siúl leis an Roinn Sláinte agus Leanaí maidir le maoiniú don ionad nua i gCorcaigh agus táimid sásta go dtabharfar faomhadh chun foireann deartha a cheapadh go luath. Táimid, freisin, i dtús plé le Coláiste Ollscoil Chorcaí maidir le comhchlár taighde agus forbartha don mhíochaine aistriúcháin, rud a thionscnóidh mórfhorbairt straitéiseach sa tír seo.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do thacaíocht chomhaltaí an Bhoird, a thug a gcuid ama gan staonadh. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh bheirt chomhaltaí Boird nua, an Dr. Mary Cahill agus Mrs. Jane O’Brien, agus táim ag tnúth lena gcion tairbhe.

Is mian liom buíochas an Bhoird a ghabháil le foireann SFAÉ Bhaile Átha Cliath, Thuama agus Luimnigh as a dtiomantas, a ndílseacht agus a n-iarrachtaí leanúnacha chun an tseirbhís fíorthábhachtach seo a sholáthar daoibh. - Go raibh maith agaibh.

**Maura J. McGrath**

Cathaoirleach

# 02. TUARASCÁIL AN PHRÍOMH-FHEIDHMEANNAIGH 2004



**Andrew Kelly**
Príomh-Fheidhmeannach

Is ábhar áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2004 a chur ar fáil thar ceann Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (SFAE). Ba bhliain rathúil dhúshlánach í seo do SFAÉ. Ba í an tosaíocht a ba thábhachtaí a bhí againn, áfach, ná go mbeadh an soláthar fola a bhí á choinneáil againn comhsheasmhach agus sábháilte.

## Soláthar

I 2004 thionscnaíomar tuilleadh iarchur chun priacal tarchuir vGCJ ó fhuilaistriúcháin a íoslaghdú. Tugadh na bearta breise seo isteach tar éis na dtarchur dóchúil vGCJ ó fhuilaistriúchán sa RA i Nollaig 2003 agus Iúil 2004. Ar an 1ú Bealtaine 2004 bheartaíomar go n-iarchuirfí duine ar bith a chaith breis agus trí bliana sa RA idir 1980-1996 agus a fuair aistriúchán in Éirinn ó 1980 i leith. Bunaíomar tascfhórsa lena chinntiú go bhféadfaimis tréimhse eisiaimh 1 bhliain nó níos mó, de bharr cónaí sa RA, a thionscnamh a luaithe ab fhéidir. Tionscnaíodh an 1 bliain iarchuir ar an 1ú Samhain 2004 agus leanamar linn ag freastal ar éilimh na n-ospidéal. Ba é toradh na n-iarchur seo gur chailleamar thart ar 10% de na deontóirí ach le feachtas fógraíochta níos mó agus cumarsáid níos fearr lenár ndeontóirí, mhéadaíomar líon na ndeonachán de 5% i 2004, thar 2003. Is mór againn carthanacht na ndeontóirí agus tá ardmheas againn ar a ndílse riamh do chúram na n-othar.

## Caighdeán

Rinne Bord Míochaine na hÉireann (BMÉ) cigireacht le linn 2004 ar dhá shuíomh déantúsaíochta agus ar mhórán ionad eile atá againn. Déanann BMÉ an chigireacht seo lena chinntiú go bhfuil an fhuil agus na comhpháirteanna fola á bpróiseáil, á stóráil, á dtástáil agus á rialú de réir chaighdeáin an Dea-Chleachtais Déantúsaíochta (GMP).

Sa chuid dheiridh den bhliain ghlacamar páirt, i dteannta leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus le BMÉ, san ullmhúchán chun treoir fhola an AE a fheidhmiú nuair a thiocfadh sí i bhfeidhm ar an 8ú Feabhra 2005. Tá SFAÉ i riocht maith chun téarmaí na treorach seo a chomhlíonadh. Is gá a bheith fíorfhaireach i gcónaí lena chinntiú go gcoinnímid an stádas comhaill atá aimsithe againn agus chun dul i ngleic leis na dúshláin a chruthóidh treoir Fola an AE agus treoir an AE maidir le Fíochán agus Ceala, a thionscnófar i 2006.

## An Gaol lenár nDeontóirí

I Márta 2004 rinneamar taighde cháilíochtúil a choimisiúnú faoi dhearcadh phobal na hÉireann, idir deontóirí, iardheontóirí agus neamhdheontóirí, i leith SFAÉ. Sholáthraigh an taighde na sonraí cáilíochtúla a bhí uainn chun straitéis chothaithe agus fógraíochta a dhearadh don todhchaí inbhraite. Cuireann seo ar ár gcumas na sainghrúpaí deontóirí féideartha a spriocaimsiú ar bhealach níos cruinne agus an próiseas bailiúcháin a optamú dá réir.

Léirigh ár dtaighde cháilíochtúil gur gá dúinn gaol níos fearr agus níos dírí a chothú lenár ndeontóirí. Nuair atá an líon daoine eisiata ag síormhéadú agus é sin riachtanach chun go mairfidh sábháilteacht an tsoláthair fola, tá géarghá ann go bhfeidhmeoimid inár gclinicí na toscaí a chinnteoidh go bhfillfidh na deontóirí a dheonadh fola. Bunaíodh tascfhórsa chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas bailiúcháin deontóra d'fhonn sruthlíniú agus simpliú a dhéanamh ar ghnáthamh deonacháin deontóirí, gan amhras a tharraingt ar shábháilteacht an phróisis dheonacháin. Is féidir linn na feabhsúcháin seo a bhaint amach le comhoibriú agus le tiomantas fhoireann uile na clinice.

## Straitéis agus Struchtúr

Le linn 2004 leanamar ag forbairt an Phlean Straitéise do 2005-2009. Ba ghníomh spreagúil é seo ar ghlac go leor d'fhoireann na heagraíochta páirt ann. Cuireadh an plean faoi bhráid an Bhoird i Samhain 2004 agus tá sé le foilsiú go luath i 2005. I bpáirt le forbairt an Phlean Straitéisigh, ba ghá athbhreithniú a dhéanamh ar na feidhmeanna bainistíochta laistigh de SFAÉ, lena chinntiú go bhfuil acmhainn againn chun an Plean Straitéise a fheidhmiú don eagraíocht. Leis na moltaí athstruchtúraithe cruthaíodh Stiúrthóir Oibríochtaí a bhí freagrach as slabhra an tsoláthair agus as Airgeadas agus TF a chomhcheangal in Aonad Airgeadais agus Pleanála Gnó. Tharla athruithe suntasacha eile maidir le heagrú fheidhmeanna na saotharlainne agus an dóigh ina stiúrófaí iad seo feasta. Faoi dheireadh 2004 bhíothas ag gabháil d'fhorfheidhmiú na struchtúr agus críochnófar sin go luath i 2005. Éilíonn na struchtúir leasaithe seo forbairt shuntasach eagrúcháin, freisin, agus beidh roinnt tionscnamh tábhachtach oiliúna agus forbartha againn a thacóidh leis an athrú struchtúir agus le cur chuige níos críochnúla a bheith ann ó thaobh bhainistiú na heagraíochta.

## Príomh-Fhorbairtí Straitéiseacha

I 2004 bheartaíomar réiteach tógála eatramhach dár n-ionad i gCorcaigh, chun cóiríocht bhreise agus athchóiriú riachtanach a sholáthar. Chosain an fhorbairt seo €3 milliún agus cuireann sé cóiríocht fhíor-riachtanach agus timpeallacht oibre níos fabharaí ar fáil don fhoireann in ionad Chorcaí. I 2004, freisin, thionscnaíomar tástáil TAN sa Lárionad Náisiúnta Fola i mBaile Átha Cliath. Rinne Seirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na hAlban (SNBTS) an tástáil TAN do SFAÉ ó dheireadh 1999, agus thug siad seirbhís eisceachtúil le linn na tréimhse cúig bliana sin. Rinneadh agus feidhmíodh tástáil TAN i mBaile Átha Cliath trí thiomantas agus chrua-obair na foirne tionscadail. Scrúdaigh an BMÉ an áis tástála sular cuireadh i bhfeidhm í agus chuir siad sonrú ar leith i leibhéal fíoraithe agus feidhmíochta an chórais.

## Foireann

I 2004 leanamar le forbairt an eiseamláir chomhpháirtíochta i riaradh an ghnó. Tá Grúpa Stiúrtha na Comhpháirtíochta ag obair faoi láthair ar ráiteas luachanna a chumadh do SFAÉ, ar scéim moltaí foirne, agus ar shainéide náisiúnta a dhearadh don fhoireann a bhíonn ag plé leis an bpobal. Bhí an Chomhpháirtíocht i dtreis i bhforbairt plean gníomhaíochta a d'éirigh as moltaí na ngrúpaí fócais a bunaíodh chun plé le saincheisteanna a ardaíodh i suirbhé faoi aeráid na foirne. Athbhreithneoidh fo-ghrúpa den BRG an plean gníomhaíochta go rialta le baill na comhpháirtíochta, lena chinntiú go n-aimseofar na spriocdhátaí agus go gceartófar aon diall atá ann a luaithe is féidir.

## Seirbhísí do na hospidéil/cliniceoirí

Le linn 2004 d'eagraigh an Oifig Náisiúnta Haemafaireachais, arís, roinnt saotharlann a bhí ag plé le saincheisteanna ábhartha maidir le bainc fola ospidéal, cliniceoirí agus Oifigigh Faire Aistriúcháin. Is cuid de pholasaí SFAÉ é seo chun gaol a chothú lenár gcomhghleacaithe sna hospidéil agus a chinntiú go mbainimid lánleas as tabhartas deontóirí agus úsáid chuí as fuil ar fud chóras na n-ospidéal. Ina theanntasan, thug ár bhfoireann theicniúil shinsearach cuairt ar roinnt ospidéal chun comhairle a thabhairt faoi bhainistiú stoic agus úsáid optamach na ndeonachán, clár ar chuir na hospidéil i gceist fáilte roimhe agus a mbeimid ag leanúint leis.

Rachaidh SFAÉ i ngleic i gcónaí leis na dúshláin romhainn chun soláthar comhsheasmhach sábháilte a chur ar fáil feasta. Níl amhras orm ach gur féidir linn, le dílse na ndeontóirí agus tiomantas na foirne, an cuspóir seo a aimsiú agus cion luachmhar a chur leis an gcóras cúraim shláinte in Éirinn.

**Andrew Kelly**

Príomh-Fheidhmeannach

# 03. TUARASCÁIL AN STIÚRTHÓRA NÁISIÚNTA MÍOCHAINE



**An Dr William Murphy**
An Stiúrthóir Náisiúnta Míochaine

Leorsholáthar de chomhpháirteanna fola atá éifeachtach agus sábháilte a bheidh riamh mar phríomhsprioc ag gach seirbhís fuilaistriúcháin. I 2004 bhí an Galar Creutzfeldt-Jacob (vGCJ) ina phríomhábhar imní i gcúrsaí sábháilteachta. Bhíothas buartha go bhféadfaí an galar seo a tharchur ó dhuine go duine trí fhuilaistriúchán agus, mar sin de, iarcuireadh tuilleadh deontóirí fola a bhí dílis tiomanta, rud a chuir brú breise ar chumas SFAÉ leorstoic a sholáthar d'ospidéil.

Ag deireadh 2003 d'fhógair Rúnaí Stáit Sláinte na RA gur shaothraigh othar áirithe vGCJ roinnt blianta tar éis dó fuilaistriúchán a fháil ó dheontóir a fuair an galar bliain tar éis dó an deonachán i gceist a thabhairt. Cé nár chosúil gur chomhtharlú randamach a bhí ann, gan gaol idir bunchúis agus toradh, níor fágadh aon amhras faoin scéal nuair a tuairiscíodh an dara tarchur i Lúnasa 2004. Thuigeamar roimhe sin gurbh fhíorábhar bagartha é an vGCJ do shábháilteacht na fola, agus ghlacamar céimeanna chun an baol go dtarchuirfí vGCJ trí fhuilaistriúchán in Éirinn a laghdú. Ar na céimeanna seo bhí, cealla fola bána a bhaint as gach deonachán fola, gan glacadh le deonacháin ó dhaoine a chaith tréimhsí suntasacha sa RA, agus aon phlasma le haghaidh úsáide teiripí a allmhairiú ó dheontóirí pobail neamhíochta i SAM. I 2004 tharla go rabhamar ar an tríú tír ar domhan, tar éis na Fraince agus na Breataine, a dhiúltaigh deonacháin fola a ghlacadh ó dhaoine a fuair fuilaistriúcháin iad féin roimhe sin. Ba le haiféala mór a glacadh an céim seo: baineadh na mílte deontóirí dílse de phainéal na ndeontóirí fola, go minic tar éis dóibh dosaenacha deonachán a thabhairt, agus freastal go rialta thar na blianta ar chlinicí deontóra. Ba é bonn teoirice an bhirt seo, go bhféadfaí dá thoradh slabhra leanúnach an tarchuir agus a thréimhse fhada goir a bhriseadh, tráth nach bhfuil aon bhealach ann chun an galar a aimsiú le linn goir, ná aon mhodh éifeachtach ann lena dhíothú as an bhfuil a dheonaítear.

In Iúil 2004 ghlac an tsaotharlann TAN (Tástáil Aigéid Núicléasaigh) in Ionad Bhaile Átha Cliath, cúram tástála TAN VID agus VHC ar dheonacháin fola na hÉireann ó Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hAlban, a rinne an tástáil dúinn le cúig bliana roimhe sin. Ba chríoch é seo leis an gcomhoibriú suntasach a d'fhóin go fíormhaith dúinn i gcúinsí a bhí éilitheach ar uaire. Le tiomantas agus le diongbháilteacht mhór an dá thaoibh, níor theip riamh ar an tseirbhís sábháilteacht ar chaighdeán domhanda a chinntiú don fhuil a bhí le haistriú in Éirinn. Táimid faoi chomaoin mhór ag ár gcomhghleacaithe Albanacha – ní bheadh seo

indéanta gan an dea-thoil, gairmiúlacht agus cur chuige dearfach a bhí acu ina gcaidreamh linn. Ba é ár sprioc riamh anall, teicneolaíochtaí a fháil do SFAÉ a thabharfadh breis solúbthachta dúinn feasta i dtionscnamh straitéisí tástála nua, de réir mar a bheadh siad ar fáil. Mar sin féin bíonn teagmháil leanúnach againn leis na hAlbanaigh i gcás tástála teagmhasaigh, agus táimid ag súil le bheith i gcomhar leo ar bhonn leanúnach feasta.

I mbliana, freisin, tionscnaíodh tástáil chomhpháirteanna pláitíní i SFAÉ chun aon truailliú baictéarach a aimsiú sula scaoilfí amach iad. Dála TAN, is deacair é seo a dhéanamh ar scála mór agus torthaí an-ghasta a aimsiú in aeráid táirgíochta. Tá an cleachtas seo i bhfeidhm i roinnt mionbhanc fola in ospidéil Chríoch Lochlann le blianta beaga anuas, agus i limistéar Pléimeannach na Beilge ó 1999. Thosaigh Seirbhís na Breataine Bige i 2003, agus seirbhísí níos mó i SAM i 2004. Ba iad Seirbhísí Fuilaistriúcháin na hÍsiltíre amháin, áfach, a ghlac leis ar bhonn náisiúnta roimh SFAÉ. Tá sé ráite ag SFAÉ le tamall go bhfuil rún againn ardleibhéil sábháilteachta a choinneáil i bhfuil agus i gcomhpháirteanna fola a sholáthraítear d'ospidéil na hÉireann – léiríonn tionscnamh seo na teicneolaíochta ár dtiomantas d'aimsiú na sprice sin.

I rith na bliana chuir an grúpa oibre um úsáid optamach fola in ospidéil, faoi chathaoirleacht an Dr. Orlaith O'Reilly ó Bhord Sláinte an Oir-Dheiscirt, críoch lena gcuid oibre faoin ábhar agus chuir siad tuairisc ar fáil. Tairgeann an cháipéis seo clár cuimsitheach a chinnteoidh go mbeidh na cleachtais fuilaistriúcháin ar fud Éireann chomh sábháilte agus is féidir, agus go n-aimseofar uasbhuntáistí d'othair ó thabhartais deontóirí, fad atáthar á gcosc ar nochtadh gan gá do phriacal fola ar bith. Táimid ag dréim le bheith rannpháirteach i bhforfheidhmiú na moltaí seo sa neastodhchaí.

Cé gur tharla forbairtí móra ó thaobh sábháilteachta fola in Éirinn le linn 2004, tá sé chomh deacair is a bhí riamh an tsábháilteacht a uasmhéadú agus leorsholáthar a chinntiú san am céanna. Is gá tarchur galair a sheachaint ó dheonacháin fola na dturasóirí a fhilleann – Víreas na hIar-Níle (SAM, Ceanada, Meicseacó, Cúba, Algarve na Portaingéile) trypanosomiasis (Tuath Mheiriceá Láir agus Theas), maláire (go leor reigiún teochreasacha) agus Kala-azar (an Afganastáin agus an Ioráic) – agus méadaíonn seo na deacrachtaí a éiríonn de bharr bagairtí ionfhabhtaithe sa bhaile agus ábhair eile a thugann orainn deontóirí a iarchur, fad atáimid ag iarraidh dóthain fola a bhailiú chun riachtanais na n-ospidéal a shásamh.

Tá na haistriúcháin fola chomh bunriachtanach is a bhí riamh chun freastal ar chaillteanas fola máinliachta agus tráma, agus chun an mharthain a chinntiú i gcás othair a bhfuil galair fola air/uirthi nó atá ag glacadh címiteiripe d'ailse. Is féidir a bheith cinnte gur bliain dhúshlánach eile a bheidh againn i 2005, agus táimid ag tnúth le tiomantas leanúnach cách: na deontóirí, foireann SFAÉ agus na baill foirne atá in ionaid eile sna seirbhísí sláinte, lena chinntiú nach bhfágfar othair in ospidéil na hÉireann gann riamh ar an acmhainn bunriachtanach seo.

**An Dr William Murphy**

An Stiúrthóir Náisiúnta Míochaine

M.D., FRCPEdin, FRCPath

# 01

# Gníomhaíocht na Seirbhísí Deontóra



# 04. GNÍOMHAÍOCHT NÁISIÚNTA NA SEIRBHÍSÍ DEONTÓRA



Tá na Seirbhísí Deontóra freagrach as fuil a bhailiú trí ghréasán clinicí seasta agus ionad réigiúnach ar fud na tíre. Tá na hionaid Réigiúnacha freagrach as clinicí soghluaiste a eagrú ina gceantair féin agus clúdaíonn siad an oirdheisceart, oirthuaisceart, deisceart agus iarthar. Freastlaíonn aonad soghluaiste ó Bhaile Átha Cliath ar an Iarthuaisceart agus ar mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Tá ionaid sheasta lonnaithe i mBaile Átha Cliath i Sráid D'Olier, sa Lárionad Fola agus i Stigh Lorgan, agus i gCorcaigh ag Ospidéal Nmh. Fionnbharra.

## Seachtain na Fola Saoil

Bhí ceathrú Seachtain Bhliantúil na Fola Saoil ann ón 19ú go dtí an 25ú Meán Fómhair. Ba é príomhchuspóir an fheachtais feasacht an phobail faoi dheonadh fola a mhéadú agus daoine a spreagadh le bheith ina ndeontóirí rialta. Thacaigh daoine aithnidiúla ar nós Westlife, baill de Scuad Socair na hÉireann, Sharon Ní Bheoláin, DJ-anna ó Today FM, Láithreoirí TV3, D.J. Carey, an Dr. Clair O'Leary, Sléibhteoir,agus John Maughan, le feachtas na bliana seo, agus a bhuíochas orthusan ba í an ceann a ba rathúla go dtí seo. Tugtar tosaíocht do Westlife anois inár bhfeachtas postaer agus bileog do 2004/2005.

Ina theanntasan, bhí comhlachtaí mór le rá ar nós Today FM, TV3 agus Vodafone rannpháirteach linn i bhfeachtas na bliana seo agus thug siad tacaíocht dúinn i rith an fheachtais agus i rith na bliana. Seoladh searmanas Buíochais, mar thionscnamh nua, le linn Seachtain na Fola Saoil. Tugadh cuireadh do go leor dár n-eagraíochtaí farantóireachta gníomhacha agus dár nEagraithe Deonacha Áitiúla a bheith i láthair sa Lárionad Náisiúnta Fola le go mbronnfadh an Príomh-Fheidhmeannach Andrew Kelly Plaiceanna/Deimhnithe Measa orthu. Is fiú mórán do Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann na hEagraíochtaí agus na hEagraithe Deonacha Áitiúla, de bharr a gcuid oibre ag cothú deonachán fola ina bpobail áitiúla agus ina n-ionaid oibre.

## Ócáidí Cothaithe

D'eagraigh an fhoireann margaíochta an-chuid ócáidí ar fud na hÉireann le feasacht a chothú faoi SFAÉ agus faoi chlinicí sna ceantair máguaird. Is bunstraitéis margaíochta ag SFAÉ í go mbeadh sí le feiceáil ag taispeántais, sa mhórphobal agus in eagraíochtaí. Bhí seastáin eolais againn i mbliana ag dhá cheann de mhórthaispeántais na hÉireann – Taispeántas Saineolaí Óg Esat BT (rinne SFAÉ urraíocht ar dhámhachtain ag an taispeántas seo) agus na Craobhchomórtais Treafa – agus ag taispeántais eile, leis, i rith na bliana.

## Clár Feasachta

Tá clár feasachta le haghaidh scoileanna agus coláistí ceaptha agus forbartha ag an bhfoireann margaíochta. Is é príomhchuspóir an chláir, deontóirí féideartha a oiliúint agus a theagasc maidir le riachtanas agus tábhacht na ndeonachán fola. Tá físeán oideachais a coimisiúnaíodh i 2004 ag gabháil leis an gclár seo. Léiríodh an toirbheartas seo do níos mó ná 3,000 scoláire i rith na bliana.

## An Clár Farantóireachta

Tá SFAÉ buíoch as an tacaíocht leanúnach atá tugtha dóibh ag grúpaí pobail agus ag gnóthais. Is tríd an gClár Farantóireachta a fhaightear í. Tugann na fostoirí deis dá bhfoirne fuil a thabhairt i ngrúpaí, le linn amanna oibre. Soláthraíonn SFAÉ áis iompair chuig agus ón gclinic. Roimh fharantóireacht, is féidir seastáin eolais agus toirbheartais a chur ar fáil don chomhlacht chun feasacht a chothú san ionad oibre.

## An tIonad Afairísis

Leanadh le hearcú deontóirí pláitíní don chlinic Afairísis sa LNF (Lárionad Náisiúnta Fola), i dtreo gur shroich an painéal 1,390 faoi dheireadh na bliana. I Nollaig 2003 thosaíomar ag glacadh trí dháileog de dheonacháin phláitíní, rud a mhéadaigh líon iomlán na ndeonachán a fuarthas i 2004.


D'fhéachamar freisin ar an neamhréireacht laistigh de ghrúpaí fola na ndeontóirí a earcaíodh dár bpainéal. Chun sin a cheartú d'aimsíomar deontóirí leis na sainghrúpaí fola a bhí de dhíth agus rún againn iad a earcú don phainéal. Dá thoradhsan tá painéal pláitíní níos cothroime ann a chuimsíonn na grúpaí fola uile. D'éirigh go breá leis an bpróiseas earcaíochta i 2004 sa dóigh go bhfuil meadú tagtha ar phainéal na bpláitíní agus ar an líon aonad atá bailithe againn.

## Seirbhís Théacs-teachtaireachtaí

Le linn 2004 tugadh téacsfhógra do dheontóirí faoi ionaid agus amanna na gclinicí soghluaiste bailiúcháin ina gceantair. Chuir na deontóirí an-fháilte roimh an tionscnamh seo agus mhéadaigh sé go mór na huimhreacha a d'fhreastail ar na hionaid bhailiúcháin fola i 2004. Faoina chlár um Fhreagracht Chorpartha Shóisialta chuir Vodafone ar chumas SFAÉ cumarsáid an-díreach a dhéanamh le deontóirí, gan aon chostas ar SFAÉ.

## DEONACHÁIN PHLÁITINÍ

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| Freastal | 6349 | 6104 |
| Soláthraithe | 5970 | 5706 |
| Iarcurtha | 379 | 398 |
| Deontóirí Nua | 5.97% | 6.52% |




## Searmanais Dhámhachtana

Eagraíodh trí shearmanas dhámhachtana i mBaile Átha Cliath chun aitheantas agus onóir a thabhairt do dheontóirí a thug 50 aonad agus 100 aonad, agus don chéad uair riamh bhí searmanas dámhachtana i Sligeach do dheontóirí i réigiún an Iarthuaiscirt. Fuair thar 500 deontóir aitheantas ar leith i bhfoirm Dhámhachtain an Bhraoin Órga do dheontóirí 50 uaire agus peileacán poircealláin do dheontóirí a thug fuil 100 uaire.

## Oiliúint na foirne i leith caidrimh dheontóirí

Mar chuid dár ngeallúint go bhfeabhsófaí seirbhís don deontóir, eagraíodh clár forbartha foirne le linn na bliana a sheachadaigh Professional Development Ltd. Is é cuspóir na hoiliúna seo, feabhas a chur ar scileanna idirphearsanta na foirne céadlíne a sholáthraíonn seirbhísí díreacha do dheontóirí.

## Flít Iompair SFAÉ a Nuachóiriú

Le cabhair chaipitiúil ón Roinn Sláinte agus Leanaí, cheannaigh SFAÉ ceithre fheithicil déag nua i 2004, sé veain (ina bhfuil seomraí teasrialaithe chun fuil agus táirgí fola a iompar), sé mhionchoiste (a úsáidtear chun foirne bailiúcháin fola a iompar) agus dhá

thrucail (trealamh bailiúcháin fola). Díchoimisiúnaíodh agus diúscraíodh na seanfheithiclí ag ceant poiblí.

## Bailiúcháin Nuabheireatais

Níl ach cionmhaireacht bheag den phobal oiriúnach chun fuil a thabhairt le haghaidh leanaí gan breith nó nuabheirthe, agus tugann SFAÉ i gcónaí ardtosaíocht do bhailiúchán fola don ghrúpa seo.  Níl ach 5 lá sheilfshaoil ag fuil do leanaí nuabheirthe agus, mar sin de, bíonn orainn í a bhailiú ar bhonn laethúil.


Táimid ag síorfheabhsú ár gcleachtas oibre, lena chinntiú go mbainfimid úsáid níos fearr fós as an soláthar teoranta seo.  Déanaimid coinní nuabheireatais anois leis na deontóirí seo agus tugann siad fuil gach trí mhí, más féidir.  Sa tslí seo is féidir a bheith cinnte go bhfuil éileamh na n-ospidéal á shásamh againn. Bíonn an fhreagairt ón sainghrúpa deontóirí seo an-dearfach agus glaonn cuid mhaith acu orainn anois chun coinní a dhéanamh le haghaidh deonachán nuabheireatais.  Tá faighte amach againn, freisin, má spriocaimsímid deontóirí roimh ré, go mbíonn ráta ratha i bhfad níos airde againnn, le thar 77% de na deontóirí spriocaimsithe ag teacht isteach nuair a iarrtar sin orthu.




# 05. STAITISTICÍ DEONTÓRA

## DEONACHÁIN NÁISIÚNTA LÁNFHOLA


| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| Freastal | **193371** | 186453 |
| Soláthraithe | **152810** | 146078 |
| Iarchurtha | **40561** | 40375 |
| Ráta Iarchuir | **21.65%** | 20.98% |





## NA DEONACHAIN MHIOSULA A SHOLÁTHRAIGH GACH IONAD

| Suíomh | Ean | Feabh | Már | Aib | Beal | Meith | Iúil | Lún | M.Fómh | D. Fómh | Samh | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| B. Átha Fhirdhia | 1840 | 1613 | 1808 | 1707 | 1569 | 1930 | 1911 | 1839 | 1652 | 1552 | 1854 | 1530 |
| Ceatharlach | 2115 | 2301 | 2543 | 2139 | 1937 | 2612 | 2488 | 2134 | 2207 | 2017 | 2494 | 1972 |
| Ion Seas. Chorcaí | 378 | 309 | 291 | 345 | 342 | 362 | 318 | 274 | 0 | 267 | 386 | 314 |
| Aon. Soghl. Chorcaí | 1884 | 1668 | 2168 | 1982 | 1779 | 1955 | 1993 | 2228 | 2064 | 1879 | 2055 | 1869 |
| Luimneach | 1554 | 1327 | 1214 | 1291 | 1270 | 1459 | 1378 | 1558 | 1662 | 1219 | 1570 | 1440 |
| Tuaim | 1515 | 1244 | 1432 | 1365 | 1168 | 1553 | 1503 | 1335 | 1450 | 1190 | 1466 | 1366 |
| Mobile One | 1869 | 1823 | 2106 | 2024 | 1657 | 2085 | 2158 | 1675 | 1693 | 2090 | 2111 | 1421 |
| Sr. D'Olier | 1520 | 1305 | 1493 | 1607 | 1670 | 1824 | 1783 | 1290 | 1543 | 1380 | 1491 | 1345 |
| Stigh Lorgan | 200 | 174 | 239 | 252 | 259 | 344 | 334 | 306 | 351 | 323 | 287 | 375 |
| **Iomlán 2004** | **12875** | **11764** | **13294** | **12712** | **11651** | **14124** | **13866** | **12639** | **12622** | **11917** | **13714** | **11632** |
| Iomlán 2003 | 14113 | 11883 | 12089 | 12813 | 11227 | 11096 | 13922 | 10744 | 12720 | 11677 | 11490 | 12304 |




**NA DEONACHÁIN LÁNFHOLA MHÍOSÚLA A SOLATHRAÍODH 2004**

| | Ean | Feabh | Mar | Aib | Beal | Meith | Iúil | Lún | M.Fómh | D.Fómh | Samh | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Total** | **12875** | **11764** | **13294** | **12712** | **11651** | **14124** | **13866** | **12639** | **12622** | **11917** | **13714** | **11632** |




**TREOCHTAÍ DEONACHÁIN 1995 – 2004**

| | 1995 | 1996 | 1997 | 1998 | 1999 | 2000 | 2001 | 2002 | 2003 | 2004 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Freastal | 194516 | 181274 | 172913 | 175225 | 176396 | 174738 | 181684 | 196587 | 186345 | 193371 |
| Soláthar | 169618 | 159521 | 152163 | 152078 | 148172 | 145033 | 142740 | 155056 | 146078 | 153104 |
| Táirgí Ceall Dearg a eisíodh | 143295 | 143540 | 136155 | 137912 | 132115 | 124797 | 120482 | 127601 | 130088 | 136230 |
| Céatadán Iarchurtha | 12.8% | 12.0% | 12.0% | 13.2% | 16.0% | 17.0% | 21.4% | 21.1% | 21.7% | 20.8% |
| **Méadú** | | | | | | | | **5.9%** | **1.9%** | **4.7%** |

# 06. GNÍOMHAÍOCHTAÍ RÉIGIÚNACHA NA SEIRBHÍSÍ DEONTÓRA



## Ionad Cheatharlach

Eagraíonn agus feidhmíonn Ionad Cheatharlach clinicí soghluaiste deonachán fola i réigiún an Oirdheiscirt, agus clúdaíonn siad na contaetha seo: Ceatharlach, Cill Chainnigh, Port Láirge, Loch Garman, Cill Mantáin, Cill Dara, Laois agus Uíbh Fhailí. Bhí an bhliain ab fhearr go dtí seo ag an ionad, ag bailiú 27,027 deonachán in iomlán ó thinreamh de 32,504.

### Searmanas na nDámhachtainí Deontóra

Bhí searmanas dámhachtainí deontóra ag réigiún an Oirdheiscirt Dé Domhnaigh an 30ú Bealtaine 2004 in Ostán Seven Oaks, Ceatharlach. Bhronn Cathaoirleach SFAÉ, Ms Maura McGrath, dámhachtainí ar chúig dheontóir is céad 50 uaire agus ar bheirt dheontóirí 100 uaire. Bronnadh dámhachtain, freisin, ar Gharda Dan Gearrahie, Eagraí Áitiúil Choláiste Oiliúna an Gharda, a bhí ag éirí as oifig agus a thug an-chuid blianta crua-oibre agus tacaíochta don tseirbhís.

Bhí Seán O'Sullivan, athair Eoghain, buachaill óg a bhí ar cheann d'ambasadóirí SFAÉ le linn Sheachtain na Fola Saoil, mar aoichainteoir na hoíche. Fuair Eoghan deonacháin iolracha a shábháil é nuair a bhí sé faoi mháinliacht agus é ina naíonán.


### Seachtain na Fola Saoil 2004

Seoladh roinnt tionscnamh i gCeatharlach do Sheachtain na Fola Saoil. Thug an curadh iomána cáiliúil, D.J. Carey, tacaíocht don tseachtain trí fhógra raidió speisialta a thaifeadadh do réigiún an Oirdheiscirt. Chas sé, freisin, le deontóirí ag clinic Bhaile Thomáis.

### An céad míliú deontóir

D'aimsigh SFAÉ a 100,000ú deontóir ó dhíláraigh an lárionad go dtí an Oirdheisceart. Thug an 100,000ú deontóir, Mr. Eamon Donohue as Clondaw, Feasna, fuil in Ostán Riverside Park in Inis Córthaidh agus fuair sé an Biorán Airgid as a 10ú pionta a thabhairt, agus bronntanas beag lena chois sin ó SFAÉ don ócáid.

| IONAD CHEATHARLACH | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| Freastal | **32504** | 30026 |
| Soláthraithe | **26959** | 25145 |
| Iarcurtha | **5545** | 4833 |
| Deontóirí Nua | **3926** | 3493 |



## Ionad Bhaile Átha Fhirdhia

Eagraíonn Ionad SFAÉ i mBaile Átha Fhirdhia clinicí soghluaiste deonachán fola san Oirthuaisceart, lena n-áirítear, Lú, An Mhí, Muineachán, An Cabhán agus codanna den Iarmhí. Bhailigh Ionad Bhaile Átha Fhirdhia 20,873 deonachán ón 26,658 a d'fhreastail.

### Searmanas na nDámhachtainí Deontóra

Seoladh searmanas na ndámhachtainí deontóra san Oirthuaisceart Dé Domhnaigh an 16ú Bealtaine in Óstán Headfort Arms, Ceanannas, Co. na Mí. Bhronn Mr. Charlie Chawke, a fuair deonacháin iolracha nuair a lámhachadh é le linn robála armtha ar a áitreabh gnó, a ndámhachtainí ar dhá dheontóir is ochtó 50 uaire agus ar thriúr deontóirí 100 uaire.

Thapaigh ionad Bhaile Átha Fherdhia gach deis chun feasacht an deontóra a mhéadú, deontóirí nua a earcú, agus a fhógairt do dheontóirí reatha agus d'iardheontóirí gur gá fuil a thabhairt go rialta. Chruthaigh téacsteachtaireachtaí a bheith ina mhodh an-éifeachtach breise chun sonraí na clinice áitiúla a chur i gcuimhne do dheontóirí cáilithe reatha. Ní mór fíorbhuíochas a chur in iúl dár n-iliomad eagraithe deonacha áitiúla as a gcuid oibre agus as a dtacaíocht leanúnach. Tá ról fíorthábhachtach acu ó thaobh rathúlacht na gclinicí áitiúla ar fud réigiún an Oirthuaiscirt.

## Ionad Thuama

Eagraíonn agus feidhmíonn Ionad SFAÉ i dTuama clinicí soghluaiste deonachán i nGaillimh, Maigh Eo, Sligeach, Liatroim, Longfort, Ros Comáin agus san Iarmhí. Bhailigh ionad Thuama 16,624 ón 21,865 a d'fhreastail.


### Searmanas Dámhachtainí Deontóra

Seoladh searmanas na ndámhachtainí deontóra Dé Domhnaigh an 10ú Deireadh Fómhair in Óstán Ardilaun House, Gaillimh. Bhí ochtó deontóir 50 uaire agus beirt dheontóir 100 uaire ann a fuair a ndámhachtainí ó Chathaoirleach SFAÉ, Ms. Maura McGrath.


### Seachtain na Fola Saoil

Eagraíodh Seachtain na Fola Saoil sa Welcome Inn, Caisleán an Bharraigh. Ghlac John Maughan, Bainisteoir Fhoireann Peile Shinsearach Mhaigh Eo, am óna sceideal gnóthach chun ár gClinic a fhógairt trí sheachtain sular imir an fhoireann i gCraobhchluiche na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh. I 2004 sháraigh an tIonad na spriocanna a leagadh síos do bhailiúchán fola sa réigiún, a bhuí sin don fhoireann, do na hEagraithe Deonacha Áitiúla agus, ar ndóigh, do na deontóirí.

| IONAD BHAILE ÁTHA FHIRDHIA | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| Freastal | **26658** | 26226 |
| Soláthraithe | **20805** | 20007 |
| Iarcurtha | **5853** | 6219 |
| Deontóirí Nua | **3178** | 3357 |




| IONAD THUAMA | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| Freastal | **21865** | 21253 |
| Soláthraithe | **16587** | 16221 |
| Iarcurtha | **5278** | 5080 |
| Deontóirí Nua | **2970** | 2984 |



## Ionad Chorcaí

Tá clinic sheasta ag Ionad Chorcaí in Ospidéal Nmh. Fionnbharra agus eagraíonn sí, freisin, clinicí soghluaiste i gCorcaigh, i gCiarraí, i dTiobraid Árann Theas agus in iarthar Phort Lairge. Bhailigh Corcaigh (an t-ionad seasta) agus Aonad Soghluaiste 1, i gcomhar le chéile, 27,110 deonachán ón 33,331 a d'fhreastail. Aistríodh Roinn Eagrúchán na nDeontóirí go háitreabh nua i mBloc C ar an 3ú Meán Fómhair.

Bunaíodh roinnt clinicí nua i rith na bliana, a chuimsigh Club Iomána agus Peile Nmh. Fionnbharra, Páirc Neenan, Cathair Chorcaí, Baile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí; GE Healthcare, Carraig Thuathail, Co. Chorcaí agus Boston Scientific, Bóthar na modh-Fheirme, Corcaigh.

### Seachtain na Fola Saoil

Fuair Ionad Chorcaí tacaíocht le linn Sheachtain na Fola Saoil, ó 103FM – Sráid na Toinne, lena n-áirítear agallaimh le baill foirne agus le deontóirí, agus scaipeadh ábhair bholscaireachta do SFAÉ ar feadh dhá lá. Chuir Raidió Chiarraí tacaíocht a aonaid chraolacháin lasmuigh ar fáil ag clinic an Neidín. Thacaigh Red FM le SFAÉ, freisin, i rith na bliana. Ós rud é gur dúnadh an chlinic sheasta i Meán Fómhair le linn Sheachtain na Fola Saoil, lena hathchóiriú, baineadh leas as an tacaíocht sin sa tréimhse roimh Nollaig.

### Searmanas na nDámhachtainí Deontóra

Bhí searmanas na ndámhachtainí deontóra ar siúl sa Mhumhan Dé Domhnaigh an 19ú Meán Fómhair. Fuair cúigear deontóirí dámhachtain 100 uaire an duine, agus fuair duine is céad tríocha dámhachtainí 50 uaire.


## Sráid D'Olier/Aonad Soghluaiste a hAon

Cuimsíonn Clinic Dheonacháin Fola Shráid D'Olier clinic sheasta i Sráid D'Olier agus clinic shoghluaiste, a chlúdaíonn mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus Iarthuaisceart an chontae. Cuimsíonn fostaithe na gclinicí foireann ildisciplíne de lucht leighis, altranais, friotháilimh dheontóirí, cléireachais, cléireach tiomána, maraon le foireann tacaíochta. Cuirtear na friotháláithe leighis, altranais agus deontóra thart ar na clinicí soghluaiste freisin. Feidhmíonn Clinic Shráid D'Olier ar feadh cúig lá na seachtaine, Dé Luain go Déardaoin, ó 9.30-8.00pm agus Dé hAoine ó 9.30-5.00pm. Feidhmíonn an t-aonad soghluaiste cúig lá sa tseachtain ón Luain go dtí an Aoine.

Bhailigh clinic Shráid D'Olier 18,288 ó thinreamh de 23,766 duine agus bhailigh an chlinic shoghluaiste 22,793 ó thinreamh de 28,957.


**IONAD CHORCAÍ**

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| Freastal | **33331** | 32719 |
| Soláthraithe | **27110** | 26381 |
| Iarcurtha | **6221** | 6338 |
| Deontóirí Nua | **7715** | 4085 |




**SRÁID D'OLIER**

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| Freastal | **23766** | 25087 |
| Soláthraithe | **18251** | 18853 |
| Iarcurtha | **5515** | 6234 |



## Ionad Luimnigh

D'aistrigh Ionad Luimnigh go háitreabh nua i Carrig House, Faiche Gnó an Ráithín, i nDeireadh Fómhair. Cuireann an t-áitreabh nua seo breis spáis ar fáil chun gur féidir leis an Ionad leanúint ag forbairt agus ag freastal ar phobal an Iarthair Láir. D'oscail an faighteoir Charlie Chawke an t-ionad nua go hoifigiúil ar an 10ú Nollaig. I láthair, freisin, bhí an tAire Stáit sa Roinn Sláinte agus Leanaí, Tim O'Malley TD, FPE na Mumhan, Cathy Sinnott, an Clr. Eddie Wade, Cathaoirleach Chomhairle Contae Luimnigh agus an Clr. Diarmuid Scully, Leas-Ardmhéara Luimnigh.

### Clinicí

D'eagraigh foireann Luimnigh 202 clinic in ionaid éagsúla ar fud Luimnigh, An Chláir, Thiobraid Árainn Thuaidh agus Chiarraí Thuaidh.

### Clinicí Nua


Ionad Pobail Mhuire Lourdes, Bóthar Childers, Luimneach i mí na Samhna. Reáchtáladh an chlinic seo le tacaíocht ó Fhóram Pobail Chathair Luimnigh a d'eagraigh an t-ionad agus a chuidigh le tionscnamh áitiúil na clinice. I measc na gclinicí nua eile bhí ceann in Ostán Dunraven, Áth Dara, Co. Luimnigh i mí Iúil, agus ceann in Ollscoil Luimnigh i mí Dheireadh Fómhair.

### Seachtain na Fola Saoil

Eagraíodh searmanas na ndámhachtainí deontóra le linn sheachtain na fola saoil; fuair 82 deontóir an braon órga as 50 deonachán a thabhairt agus fuair 3 deontóir an peileacán poircealláin as a 100 deonachán. Chabhraigh stáisiúin raidió áitiúla le cur chun cinn sheachtain na fola saoil, bhí criú bóthair ó Live 95FM Luimnigh i láthair ag Clinic Phailiún Nmh. Eoin i Sráid Musgrave agus chuir siad agallamh ar bhaill foirne agus ar dheontóirí, agus scaip siad ábhar bolscaireachta don SFAÉ.


### AONAD SOGHLUAISTE A HAON

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| Freastal | **28957** | 30009 |
| Soláthraithe | **22712** | 22729 |
| Iarcurtha | **6245** | 7280 |




### IONAD LUIMNIGH

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| Freastal | **21511** | 20760 |
| Soláthraithe | **16942** | 16569 |
| Iarcurtha | **4569** | 4191 |
| Deontóirí Nua | **2893** | 2327 |



## Clinic Stigh Lorgan

D'oscail clinic Stigh Lorgan don chéad uair i Nollaig 2003 mar chuid de chuspóir SFAÉ seirbhís a sholáthar do dheisceart Bhaile Átha Cliath. Ón am sin d'fhreastal 5,000 deontóir ar ionad Stigh Lorgan. Is deontóirí céaduaire iad 1,030 duine nó 21% acu seo. Mhéadaigh ár mbunlíon deontóirí rialta ó 37% in Eanáir 2004 go 65% i Nollaig 2004.

**Suirbhé deontóirí**

Tar éis 12 mí oibre rinne Clinic Stigh Lorgan suirbhé deontóra chun an tseirbhís a mheas.

| | |
|---|---|
| Líon iomlán an tSuirbhé | 60 |
| Thug fuil roimhe sin | 76% |
| Ina ndeontóirí nua | 24% |

**Conas a chuala tú faoin gclinic?**

| | |
|---|---|
| Na meáin raidió/tf | 16% |
| Cara | 34% |
| Ar obair | 6% |
| Ag gabháil thart | 4% |
| Cuir chun cinn (ollmhargaí/eaglaisí) | 20% |

**An ndearna tú coinne?**

| | |
|---|---|
| Rinne | 90% |
| Ní dhearna | 10% |

**An lá agus am ab oiriúnaí.**

Níor luaigh bunús na ndaoine lá ar leith ach b'fhearr le 66% tráthnóntaí agus 34% na maidineacha.

**Rátáil Foirne**

D'iarramar ar dheontóirí sinn a rátáil ar scála 1-5, a haon a bheith an-bhocht agus a cúig a bheith sármhaith, faoi na cheannteidil éagsúla seo:

Fáilte curtha romhat

Foireann chairdiúil chúntach

Áiseanna glana sócúlacha


An méid ama a ghlac an deonachán fola

Do thaithí ghinearálta

Go ginearálta thug 85% de fhreagróirí 5/5 dúinn ar gach ábhar. Thug 12% 4/5 agus thug an fuílleach de 3% 3/5 dúinn.

**CLINIC STIGH LORGAN**

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| Freastal | 4479 | 200 |
| Soláthraithe | 3444 | 116 |
| Iarcurtha | 1335 | 84 |




Eirean

# 02

# Tuairiscí Rannógacha



# 07. PRÓISEÁIL AGUS TÁSTÁIL




Tá saol teoranta ag fuil lasmuigh den chorp agus mar sin de tá sé tábhachtach go gcuirfí ar fáil d'ospidéil le haghaidh aistriúcháin í a luaithe is féidir tar éis bailithe. Cinntíonn na gnáthaimh atá i bhfeidhm ag SFAÉ gur féidir deonacháin a chur chuig ospidéil laistigh de 48 uair an chloig tar éis a mbailithe.

Stóráiltear cealla dearga ag 4°C agus bíonn saol 35 lá acu, agus stóráiltear pláitíní ag 22°C agus bíonn saol 5 lá acu.

Nuair a thugann deontóir fuil, bailítear roinnt bheag samplaí fola uaidh/uaithi chun críocha tástála. Próiseáiltear an deonachán fola (470 ml) sa tsaotharlann comhpháirteanna, agus ullmhaítear na cealla dearga, na pláilíní agus an plasma le haghaidh úsáide teiripí.

Déantar tástálacha le trealamh uathoibreach agus is féidir iad a aimsiú leis an mbarrachóid uathúil a shainítear do gach deonachán. Úsáideann SFAÉ an teicneolaíocht agus na próisis tástála is deireanaí chun sábháilteacht gach táirge a eisítear a chinntiú. Ar chríochnú na tástála agus na próiseála, déantar scrúdú súile ar gach aonad comhpháirteanna. Scantar barrachód an aonaid agus, nuair a bhíonn gach tástáil críochnaithe agus torthaí sásúla faighte, cuirtear lipéad ar an aonad agus scaoiltear é le haghaidh eisiúna.

## Saotharlanna

### Víreolaíocht

Faigheann an tsaotharlann víreolaíochta sampla téachtaithe ó gach deontóir tráth an deonacháin. Sainaithnítear an sampla seo ag sainaithneoir uathúil barrachóid tráth an deonacháin. Tástáiltear an sampla chun sainmharcóirí víriúla a aimsiú a fhéadfaí a tharchur trí aistriúchán. Déantar na tástálacha seo le trealamh a fhreagraíonn don DCD (Dea-Chleachtas Déantúsaíochta). Traschuirtear na torthaí go leictreonach chuig an mór-ríomhaire. Scantar an barrachóid agus scaoiltear an t-aonad lipéadaithe lena eisiúint nuair atá gach tástáil déanta agus torthaí sásúla faighte orthu. Déantar na tástálacha séireolaíochta seo a leanas sa tsaotharlann víreolaíochta, agus sainordaítear iad i gcás gach deonacháin:

- Heipitíteas B lena n-áirítear dromchla Antaigin Heipitíteas B agus croí-Antashubstaintí B.
- Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna
- Víreas Heipitíteas C
- Víreas T Limfeatrópach Daonna
- Sifilis

Stóráiltear sampla de shéirim reoite tar éis deonachán a fháil. Tástáiltear deonacháin le haghaidh CMV i dtreo go mbeidh soláthar deonachán CMV-dhiúltach ann d'othair a dteastaíonn sin uathu. Tionscnaíodh measúnacht agus córais tástála nua CMV EIA i mí Iúil, tar éis fíorú fairsing a bheith déanta uirthi.

### Diagnóisic

Soláthraíonn an tsaotharlann diagnóisice sa LNF imdhíonhaemaiteolaíocht cheall dearg agus seirbhísí réamhbhreithe d'ospidéil ar fud an náisiúin. Cuimsíonn na seirbhísí a thugann an tsaotharlann:

- Soláthar fola feinitíopáilte
- Soláthar fola trasmhaitseáilte do chásanna deacra agus d'ospidéil gan saotharlanna fuilaistriúcháin
- Imscrúdú ar fhadhbanna antashubstaintí
- Imscrúdú ar fhrithghníomhartha aistriúcháin haemalaíocha
- Tíopáil ABO/Rh, lena n-áirítear fadhbanna tíopála
- Imscrúdú ar thástálacha dearfacha Frithghlóbailin Dhíreach (othair agus deontóirí)
- Imscrúdú ar Anaemacht Uath-imdhíonach Haemalaíoch
- Imscrúdú ar Ghalar Haemalaíoch an Naíonáin Nuabheirthe (HDN)
- Gnáthscagthástáil réamhbhreithe i gcás toirchis phriaclaigh (lena n-áirítear cainníochtú Frith-D agus toirtmheascadh antashubstaintí ar cuid suntais chliniciúil iad).
- Soláthar fola oiriúnaí ag an toirbhirt i gcás toirchis phriaclaigh
- Comhairle eolaíoch do chomhghleacaithe ospidéil
- Feinitíopáil leathnaithe d'othair atá spleách ar aistriúcháin

I dteannta na seirbhísí atreoraithe thuas, rialaíonn an tsaotharlann Diagnóisice eisiúint na dtáirgí pláitíní uile (lena n-áirítear táirgí CMV-dhiúltach, orduithe ioradaithe agus táirgí nuabhreith-oiriúnacha), agus eisiúint táirgí sainsoláthair na gceall dearg, (lena n-áirítear CMV-dhiúltach, ioradaithe agus nuabhreith-oiriúnach).

In iomlán, atreoraíodh 2,100 sampla le haghaidh seirbhísí diagnóiseacha i 2004.

### Comhpháirteanna

Tá saotharlann chomhpháirteanna an LNF freagrach as próiseáil a dhéanamh ar gach deonachán fola a bhailítear i mBaile Átha Cliath, Ceatharlach, Baile Átha Fhirdhia agus Tuaim. Scagtar gach deonachán chun leocaicítí a bhaint as agus próiséailtear é chun comhdhlúthúcháin de cheala dearga, cótaí maolánacha le haghaidh déanaimh pláitíní comhthiomsaithe agus roinnt plasma le haghaidh dhéanamh na gcíridheascán comhthiomsaithe a tháirgeadh. Coinnítear, freisin, stoc teagmhasach teoranta d'úrphlasma reoite. Táirgtear roinnt saintáirgí a oireann d'úsáid nuabhreithe, ar bhonn orduithe.

I rith na bliana, táirgíodh 100,600 comhdhlúthúchán de cheala dearga. Ina theanntasan táirgíodh 2,100 aonad lánfhola agus 1,900 aonad ceall dearg a oireann d'úsáid nuabhreithe. Táirgeadh 10,200 aonad in iomlán de phlaitíní comhthiomsaithe agus 1,200 aonad de chíridheascán comhthiomsaithe. Choimsigh na saintáirgí nuabhreithe a táirgeadh, 933 comhdhlúthúchán de cheala dearga, gach ceann acu roinnte i 5 paca, 780 aonad lánfhola phlasma-laghdaithe, gach ceann acu roinnte i gceithre phaca.

### Uathghrúpáil Deontóirí

Mar fhreagra ar rialacháin/bheartais nua agus ar éileamh na gcustaiméirí, tá an tsaotharlann d'Uathghrúpáil Deontóirí (ADG) ag cur go leanúnach le líon na dtíopaí antaigine a thástáiltear mar ghnáthnós. Déantar gach ceall dearg anois a Kell-tíopáil agus bíonn thar leath na n-aonad a eisítear anois Rh-feinitiopáilte in iomlán. I 2004 tionscnaíodh S-tíopáil agus Fya-thíopáil, rud a éascaíonn eisiúint na n-aonad feinitíopáilte a iarrtar d'othair le hantashubstaintí iolracha, díreach as stoc, ag laghdú an tréimhse freagartha a thuilleadh. Ina theanntasan i 2004, thosaigh an tsaotharlann ADG a bheith rannpháirteach i Scéim Sheachtrach um Mheasúnú Caighdeán na Ríochta Aontaithe, rud a chinntíonn go bhfuil an fhoireann agus na teicnící a úsáidtear géilliúil do na caighdeáin tástála idirnáisiúnta.

Le linn na bliana atá caite thángthas ar roinnt cásanna ina raibh antashubstaintí annamha ag othair. Sna cásanna seo bíonn deacracht ann na haonaid chomhoiriúnacha a roghnú, ós rud é go mbíonn minicíocht na fola antaigindiúltaí an-íseal, is é sin, níos lú ná 1: 10,000. Léiríonn seo a riachtanaí atá sé go gcoinneofaí stoc de na haonaid annamha antaigindiúltacha seo.

## Saotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh

Tar éis bailíochtú fairsing a dhéanamh ó Shamhain 2003 go Meitheamh 2004, thosaigh an tsaotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh ag an LNF ag déanamh tástála móilíní ar gach deonachán de chuid SFAÉ le VID-1 agus VHC a aimsiú, ag baint feidhm as measúnú Chiron Procleix. Idir Iúil agus Nollaig, tástáladh 72,059 deonachán. Go dtí go ndeachaigh an tsaotharlann seo san LNF i mbun oibre, ba í Seirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na hAlban a rinne an tástáil mhóilíneach.

## An tSaotharlann Thagartha Náisiúnta um Thíopáil Fíocháin

Tháinig méadú suntasach ar ghéintíopáil HPA agus ar thíopáil ardtaifeach HLA. Bhí laghdú beag ar líon iomlán na dtástálacha a sholáthraítear, go háirithe de bharr scor na seirbhíse H+1 do phlandáil orgán tathagach agus an chinnidh go n-éireofaí as samplaí a atreorú thar ceann na n-ospidéal chuig IBGRL Bristol, le go ndéanfaí tástáil séireolaíochta neodraifilí orthu.

Rinne an STNTF ullmhúchán cuí, agus d'athnuaigh sé a chreidiúnú EFI i mí Iúil. D'atheagraigh an tsaotharlann, freisin, cruinniú ginearálta bliantúil BSHI i gCaisléan Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair agus faomhadh 12 achomaireachtaí dá cuid lena bhfoilsiú. D'eagraigh an STNTF ceardlann lae H+1 do mhic léinn MSC sa LNF i mí Bealtaine agus i 2004 bhain sí scór 100% amach do tíopáil ardtaifeach NEQAS rang I+II.

# 08. SEIRBHÍSÍ OSPIDÉIL





Is í roinn na seirbhísí ospidéil an nasc fíor-riachtanach sa slabhra dáiliúcháin, óir cinntíonn sí go sroicheann an fhuil na hothair a bhfuil sí de dhíth orthu, faoi choinníollacha rialaithe. Is í príomhfheidhm na Seirbhísí Ospidéil, dáiliúchán sábháilte cobhsaí a chinntiú de na táirgí uile a scaoiltear chuig na hospidéil. Bíonn bainistiú criticiúil táirge ag baint leis seo, agus is gá taifid chruinne chuimsitheacha a choinneáil den fhuil, de chomhpháirteanna fola agus de na díorthaigh fhola a fuarthas agus a eisíodh.

**FUIL AGUS TÁIRGÍ FOLA A EISÍODH**

| Táirgeadh | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| Ceala Dearga Lánfhuil | 136,230 | 130,088 |
| Pláitíní – Dáileoga Teiripeacha | 17,598 | 16,521 |
| Plasma Reoite | 2,089 | 1,813 |
| Octaplas | 24,848 | 21,757 |
| Círidheascán | 1,258 | 908 |
| Fachtóir VIIA (xIU) | 405,280 | 284,340 |
| Próitéin C (x IU) | 9,500 | 87,500 |
| Frith-Throimbin III (x IU) | 5,000 | 14,500 |
| Factóir VIII Athchuingreach (x IU) | 20,805,066 | 18,731,228 |
| Fachtóir Von Willebrand (x IU) | 592,500 | 417,000 |
| Fachtóir IX Athchuingreach (xIU) | 10,559,228 | 10,198,390 |
| Próthroimpléacs (x IU) | 541,200 | 620,400 |
| Fachtóir XIII | 5,100 | 7,250 |

## Baincéireacht Fíocháin

Cuimsíonn Banc Fíocháin an LNF Banc Súl na hÉireann, An Banc Croí-Chomhlaí Hómanódaithe agus Banc Fola Corda Dhírithe na hÉireann. Déantar an phróiseáil uile san LNF, in áis glanseomra GMP a saintógadh. Tá córas bainistíochta ardchaighdeáin i bhfeidhm agus cloíonn an banc le caighdeáin Chumann Bhainc Súl na hEorpa agus Cumann Bhainc Fíocháin na Breataine.

## Banc na Súl

De bharr na himní faoi vGCJ, d'éirigh Banc Súl na hÉireann as glacadh le coirí ó dheontóirí Éireannacha, le héifeacht ón 21ú Eanáir 2004. Tá an staid faoi athbhreithniú leantach agus d'fhéadfaí an cinneadh a athrú nuair a chinnfear go bhfuil deireadh leis an bpriacal vGCJ in Éirinn, agus go háirithe i gcás fíocháin súile. Chun trasphlandú coirní a éascú in Éirinn, allmhairítear na coirní uile anois ó Bhanc Súl na Rocky Mountain Lions (RMLEB) atá lonnaithe in Denver, Colorado. Soláthraíonn an RMLEB, freisin, scealla scléaracha le haghaidh atógáil na gcaipíní súl, ionúicléatachtaí agus ionchlannú comhlaí mar chóireáil ar ghlácóma. Allmhairíonn an banc súl, freisin, agus eisíonn sé paistí peireacairdiam agus fiochán aimnín, a úsáidtear i máinliacht shúilí, do mháinlianna optalmacha. Is é Mr. P. Condon, M.Ch.FRCS FRCOphth, Stiúrthóir Oftalmach an bhainc súl agus is é an Dr. William G. Murphy, MD FRCPEdin, FRCPath an Stiúrthóir Míochaine. Bíonn cruinniú bliantúil ag Grúpa Comhairleach Míochaine, comhdhéanta de mháinlianna coirneacha a fhaigheann fíochán ón mbanc agus ionadaí ó Choláiste Oftailmeolaithe na hÉireann, chun athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin an bhainc agus chun comhairle a thabhairt faoi na hathruithe a mholtar.

Le linn 2004, eisíodh 118 beangán choirneacha, 21 paiste scléaracha, 11 píosa d'fhíochán aimnín agus 2 paiste peireacairdiam do mháinlianna ar fud na hÉireann.

## Banc na gComhlaí Croí Homanódúcháin

Próiseálann agus críóchaomhnaíonn Banc na gComhlaí Croí Homanódúcháin an fíochán cardashoithíoch daonna a thugtar le haghaidh aistriúcháin. Tagann grúpa comhairleach Cardatóracsach le chéile go rialta faoi chathaoirleacht an Stiúrthóra Cardatóracsaigh, Mr. A. E. Wood, chun imeachtaí an bhainc a athbhreithniú agus a chinntiú go gcoinníonn agus go gcomhlíonann sé an sárchleachtas idirnáisiúnta. Le linn na bliana, eisíodh 38 comhla a thug deontóirí Éireannacha agus faighteoirí trasphlandálacha araon, a mbunús á n-eisiúint do pháistí a raibh éalanga croí comhbheirthe á ndeisiú dóibh. Ó sháraigh an t-éileamh an soláthar, ollmhairíodh 14 comhla ó bhainc fiocháin sa RA.

## Banc Fola Corda Threoigh na hÉireann

Éascaíonn Banc Fola Corda Threoigh na hÉireann bailiú agus críóchaomhnú na ndeonachán fola den chorda treoigh imleacáin. Is gá go n-iarrfadh an máinlia trasphlandaithe an deonacháin. Is gá go mbeadh an fhuil corda de dhíth ar shiblíneach an naíonáin nuabheirthe, agus é/í siúd sa riocht go mbeadh trasphlandú smeara ina chóireáil leighis dó. Le linn 2004 próiseáladh 6 deonachán fola corda dá shórt.

# 09. RÁTHÚ CAIGHDEÁN





Ag teacht le forbairt agus le forfheidhmiú Phlean Straitéiseach SFAÉ, bhí an fócas i rith na bliana ó thaobh RC de, ar ghéilliúlacht rialaitheach a aimsiú agus a choinneáil.

Pleanáladh clár uaillmhianach le haghaidh athfhorbairt an IARM go luath i 2004 agus críochnaíodh é faoi dheireadh na bliana. I gceist leis seo bhí foirgneamh eatramhach breise, achóiriú an áitribh reatha agus díon nua don áitreabh. Cuireadh é sin uile i gcrích fad a bhí na bunoibríochtaí á gcoinneail ar siúl.

Cuireadh go mór leis an Roinn RC nuair a tugadh buancheapachán d'Oifigeach Ráthaithe Caighdeán san IARM. Nuair a leathnaíodh ról an Bhainisteora Bailíochtaithe chun freagracht náisiúnta a ghlacadh, bhíothas in ann an taithí a fuarthas sa LNF a chur i bhfeidhm ar bhailíochtú san IARM.

Gnóthachtáil mhór de chuid na bliana ab ea dearadh agus forfheidhmiú Cláir Scagthástála Bhaictéaraigh do SFAÉ. Stiúraigh Oifigeach Ráthaithe Caighdeán an LNF an tionscadal i gcomhar leis an Stiúrthóir Náisiúnta Míochaine agus chuir siad réitigh nuálacha i bhfeidhm, d'fhonn córais théagartha a rolláil amach.

I gcomhar le forfheidhmiú Threoir Fola an AE (2002/98/CE) i mí Feabhra 2005, tá SFAÉ ag féachaint chuige go mbeidh gach gné dá cuid oibríochtaí géilliúil di. Le linn na bliana rinne Bord Míochaine na hÉireann (BMÉ) 10 imscrúdú DCD (Dea-Chleachtais Déantúsaíochta) ar an LNF, ar IARM agus ar Ionaid Réigiúnacha. Bhí géilliúlacht na n-ionad uile sásúil.

Rinne BMÉ imscrúdú sainiúil ar an gClinic Afairísis in Ospidéal na Maighdine Muire do Leanaí Breoite i Meán Fómhair 2004. D'imscrúdaigh BMÉ ionaid Stigh Lorgan agus Cheatharlach (áitribh athlonnaithe) go luath arna n-oscailt.

Coinníodh ardleibhéal gníomhaíochta i leith bailíochtaithe le linn 2004, agus tionscnaíodh 101 thionscadal in iomlán ar fud an náisiúin. Bhain 60% acu seo le himeachtaí IARM go sonrach. Tionscnaíodh rolladh amach an Chórais Déantúsaíochta ETI do thástáil CMV go rathúil ar bhonn náisiúnta i 2004. Ba thionscadal fíor-rathúil é seo a sholáthraigh na grúpaí teicniúla sa LNF agus in IARM araon.

Le linn 2004 bhí cruinnithe míosúla caighdeáin sa dá ionad a chuir tuairiscí ar fáil faoi Mheitric an Chórais Bhainistíochta Caighdeán, le neamhghéilliúlacht, gearáin, athghlaonna agus rialúcháin an athraithe san áireamh.

Bíonn cultúr feabhsúcháin leanúnaigh á chothú laistigh de SFAÉ, ag cinntiú go nuachóirítear gach réimse gníomhaíochta go leanúnach. Tá freagracht ar an roinn Ráthaithe Caighdeán a chinntiú go rialaítear agus go measúnaítear éifeacht thionchar na n-oibríochtaí reatha agus go bhfeidhmítear athruithe ar an dóigh is fearr.

# 10. IONAD AISTRIÚCHÁIN RÉIGIÚN NA MUMHAN




Is ceann de dhá shuíomh seasta SFAÉ é Ionad Aistriúcháin Réigiún na Mumhan (IARM), a chuireann deonacháin ar fáil, chomh maith le deonacháin a thástáil (Víreolaíocht, Grúpáil Deontóirí), comhpháirteanna a ullmhú agus a mhodhnú, táirgí a dháileadh/sheoladh chuig ospidéil, agus comhairliúchán eolaíoch 24/7 a sholáthar d'úsáideoirí gairmiúla.

## Soláthar Deonachán

Tá an tIonad Ionnaithe i gCorcaigh, áit a bhfeidhmíonn ionad seasta deontóra agus foireann chlinice Aonad Soghluaiste I na Mumhan le tacaíocht ó Ionad Luimnigh, as a bhfeidhmíonn foireann chlinice Aonad Soghluaiste II na Mumhan. Bailítear pláitíní freisin trí Afairíseas.


| AFAIRÍSEAS PLÁITÍNÍ | |
|---|---|
| Freastal | 234 |
| Deonacháin | 228 |
| Iarchurtha | 6 |



## Comhpháirteanna a d'eisigh IARM

Cuireann IARM tacaíocht aistriúcháin ar fáil i bhfoirm comhpháirteanna fola, mar stoc d'ospidéil ar fud na Mumhan, agus seirbhísí speisialta i bhfoirm modhnaithe agus tíopála leathnaithe, cibé áit is gá, d'othair shainiúla.

| COMHPHÁIRTEANNA A D'EISIGH IARM | |
|---|---|
| Pláitíní | 2361 |
| Plasma | 3420 |
| Comhpháirteanna Fola Ionradaithe (RCP + Plts) | 4216 |




## Bainistú Fardail

Déantar bainistiú gníomhach ar an stoc aistriúcháin tacúil (ullmhú na gceall dearg) atá ar fáil ag úsáideoirí ospidéil, trí na spriocanna soláthair a chur i gcothram le héileamh na n-ospidéal.  Sainítear íosleibhéal baincéireachta do gach fuilghrúpa ar leith agus déantar monatóireacht air go leanúnach.


Le linn 2004 díríodh aird ag cruinnithe de Choiste Aistriúcháin na nOspidéal ar bhainistiú stoc na gCeall Dearg O RhD-Diúltach, agus aimsíodh íosleibhéil bhaincéireachta le linn 90% den bhliain (88% - 2003).

## Seirbhísí Diagnóiseacha


### Roinn Trasmheaitseála

Cuireann an Roinn Trasmheaitseála gnáthsheirbhís shéireolaíochta ar fáil d'ospidéil Chathair Chorcaí agus seirbhís thagartha d'ospidéil Réigiún na Mumhan. Ionradaíonn an Roinn Trasmheaitseála  na Comhpháirteanna.  Déanann an Roinn Trasmheaitseála  scagthástáil deonachán lasmuigh de na gnáthuaireanta d'othair a bhfuil sainriachtanais acu ó thaobh grúpaí fola.

| SEIRBHÍSÍ ROINN TRASMHEAITSEÁLA IARM 04 | |
|---|---|
| Grúpa Othar + Scaggaire Frithshubstainte | 8670 |
| Othair Trasmheáitseáilte | 3233 |
| Aonaid Ceala Dearga Tramheáitseáilte | 8087 |
| Deonacháin a Scagadh | 5130 |




| IARRATAIS AR AN TSAOTHARLANN TRASMHEAITEÁLA | |
|---|---|
| Gnáthiarratais | 7113 |
| Éigeandáil Lasmuigh de Ghnáthuaireanta | 1218 |
| Éigeandáil ar Ghnáthlá | 448 |




### Roinn Rámhbhreithe


Soláthraíonn an Roinn Réamhbhreithe seirbhísí gnáthaimh agus seirbhísí scagtha réamhbhreithe. Tástáladh 2,391 eiseamal le linn 2004.

Rinneadh monatóireacht le linn toirchis ar othair a raibh antashubstaintí acu, d'fhonn cuidiú le riaradh an fhéatais, agus cuireadh fuil ar fáil don mháthair agus dá naíonán ag an toirbhirt, de réir mar ba chuí. Atreoraíodh samplaí chuig IBGRL, Bristol, maraon le himscrúdú ar antashubstaintí agus tíopáil ar chealla dearga RhD an fhéatais a tógadh as sampla fola imeallach na máthar, trí PCR. Ina theanntasan rinneadh anailís sreabháin aimnínigh, maraon le tástáil Kleihauer.

| AN ROINN RÉAMHBHREITHE | |
|---|---|
| Painéil | 301 |
| Toirmheasctha | 110 |
| DCT | 357 |
| Grúpáil leathnaithe ag. | 934 |
| Deimhniú Rh D | 988 |




| ANTASHUBSTAINTÍ DEIMHNITHE DE RÉIR TÍOPA | |
|---|---|
| ab. díonach -ABO/RH/Eile | 107 |
| Uath-ab. | 16 |
| Ab. Fuar | 8 |
| Eile | 170 |




### Antashubstaintí Neamhghnácha

Chuimsigh siad seo antashubstaintí tearca ar nós frith-G. Ag brath ar an bhfeinitíopa athartha/máthartha, bhí seans 1.4% ann go gcuirfí isteach ar an naíonán dá mbeadh sé/sí C+. Bhí socrú teagmhasach de dhíth ar othar eile, a raibh antashubstaint frith-Colton (frith-Coa ) acu, le Painéil Bainc Tearcfhola san Eilbhéis agus i Mainz. Sainaithníodh deontóirí Coa-dhiúltach de mhinicíocht 0.2% sa Mhumhan, tar éis scagthástála.

## Afairíseas Teiripeach

Tacaíonn IARM leis na seirbhísí othair in ospidéil chathair Chorcaí, trí mhalartú plasma theiripigh a sholáthar d'aon riochtaí cliniciúla a shonraítear. Féach an tábla don leibhéal gníomhaíochta le linn 2004, de réir an ghrúpa othar.

| AFAIRÍSEAS TEIRIPEACH 2004 | Haemaiteolaíocht | Néareolaíocht | Duánach |
|---|---|---|---|
| Othair | 20 | 42 | 2 |
| Gnáthaimh | 52 | 75 | 28 |




## Foirgnimh

D'fhaomhaigh an Bord miontreoir forbartha d'Ionad nua Chorcaí i Márta 2003 agus glacadh mar roghashuíomh an láithreán a thairg BSD ar champas Ospidéal Ollscoil Chorcaí. Cuireadh seo faoi bhráid na Roinne Sláinte & Leanaí, ansin, le haghaidh maoinithe.


Fuarthas faomhadh an Bhoird d'oibreacha athchóirithe eatramhacha i bhfoirgneamh IARM ag Ospidéal Nmh Fionnbharra. Bhain an tionscadal seo le foirgneamh saotharlainne módúlaí a shuíomh go sealadach (Bloc C/900 m2) agus obair athchóirithe ar na bun-Bhloic A&B. Sa tslí seo bhíothas in ann nuatheicneolaíocht a chur sa tSaotharlann Grúpála Deontóirí, agus saotharlann le haghaidh Thástáil an Aigéid Núicleasaigh (TAN) agus na Baictéireolaíochta Pláitíní a chur san áireamh.

Chuir an tIonad pleananna fairsinge i gcrích chun leanúnachas seirbhíse a chinntiú le linn na n-oibreacha tógála, a críochnaíodh go tráthúil faoi dheireadh na bliana.

## Baincéireacht Fíocháin

Bunaíodh Banc Fíocháin Mhatánchnámharlaigh na Mumhan i 1994 agus creidiúnaíodh ag an am é ag an gCaighdeán ISO i 1998. I Márta 2004, glacadh le Treoir an AE go gceapfaí caighdeáin cháilíochta agus shábháilteachta maidir le bronnadh, soláthar, tástáil, próiseáil, caomhnú, stóráil agus dáileadh fíocháin agus ceall daonna, agus ní foláir í a thrasuíomh i ndlí gach ballstáit faoi Aibreán 2006.

| CNÍOMHAÍOCHT AN BHAINC FÍOCHÁIN | |
|---|---|
| Deontóirí ar cuireadh agallamh orthu | 226 |
| An Líon deontóirí a roghnaíodh | 82 |
| An líon a aisghabhadh san amharclann | 78 |




Tugadh alanódú do 26 faighteoirí ar bhonn cliniciúil, fuarthas 26 cárta ar ais, agus cláraíodh 100% inrianaitheachta.

| OTHAIR | CNÁMH MEILTE | SLISEANNA FÉIMEARACHA | LEATHCHINN FHÉIMEARACHA |
|---|---|---|---|
| 26 | 410 grms | 8 | 2 |

Tionscnaíodh bearta chun priacal an vGCJ a laghdú, i gcomhar le roghnú deontóirí fola. Níor coinníodh mar stoc ach fíochán a chomhlíon an riail faoi 1 bliain chónaitheachta sa RA. Sholáthraigh an t-aonad EOR i Roinn Sláinte na RA measúnú ar an bpriacal i gceist. Rinne grúpa oibre den Choiste um Shábháilteacht Mhicribhitheolaíoch Fola agus Fíocháin (MSBT) sin i mí Mheán Fómhair. Bheartaigh an Coiste Comhairleach Míochaine gan níos mó próiseála comhthiomsaithe a dhéanamh. Aistarraingíodh gach táirge comhthiomsaithe iondáta, ach measfar próiseáil

na gceann féamarach aonair amach anseo.

Chuimsigh na forbairtí próiseála a fuair tacaíocht, próiseáil na gceann féamarach aonair (rud a rinneadh cheana i gcomhthiomsú de 17) agus neamhghníomhú príon.

# 11. AN OIFIG NÁISIÚNTA HAEMAFAIREACHAIS




Tá scéim an ONH faoi lánfheidhm ó Eanáir 2000, agus foilsíodh tuarascáil bhliantúil uaidh gach bliain ón dáta sin. Ba í 2003 ceathrú bliain na tuarascála agus eisíodh thart ar 693,818 comhpháirt fola laistigh den tréimhse ceithre bliana sin, le 564 frithghníomh/teagmhas aistriúcháin neamhfhabharach á dtuairisciú don ONH i rith na tréimhse. Méadaíodh faoi dhó líon na dteagmhas a chomhlíon na critéir do theagmhais haemafaireachais agus a tuairiscíodh don ONH in imeacht bliana, ó 85 i 2000 go 180 i 2003.

**ANAILÍS AR THEAGMHAIS ONH (2000-2003) (N=564)**

| BLIAIN | CFMA | AA | FIAG | FMAH | IATA | GGSAG | PAD | neamhghnách | TFAGHE | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2000 | 31 | 22 | 8 | 2 | 7 | - | - | 1 | 14 | 85 |
| 2001 | 69 | 35 | 16 | 1 | 2 | 3 | 3 | 3 | 12 | 144 |
| 2002 | 87 | 31 | 10 | 9 | 3 | 2 | 5 | - | 8 | 156 |
| 2003 | 115 | 23 | 14 | 9 | 4 | 1 | 6 | - | 8 | 180 |
| **IOMLÁN** | **302** | **111** | **48** | **21** | **16** | **6** | **14** | **4** | **42** | **564** |
| | 54% | 20% | 8% | 4% | 3% | 1% | 2% | 1% | 7% | 100% |

| ANAILÍS AR THEAGMHAIS ONH (2000-2003) (N=564) | | | |
|---|---|---|---|
| CFMA | Comhpháirt Fola Mhícheart Aistrithe | 302 | 54% |
| AA | Anaifileactach/Anaifiolactói | 111 | 20% |
| IATA | Ionfhabhtú Amhrasta ag Tarchur Aistriúcháin | 48 | 8% |
| TFAGHE | Trom-Fhrithghníomh Aistriúcháin Géar-Haemalaíoch nó eile | 21 | 4% |
| GGSAG | Géar-Ghortú Scámhóige Aistriú-Ghaolmhar | 16 | 3% |
| FIAG | Forualach Imsruthaithe Aistriú-Ghaolmhar | 6 | 1% |
| FAURS | Frithghníomh Aistriúcháin Uathlógais RéamhShil-leagain | 14 | 2% |
| Neamhghnác | Frithghníomh Aistriúcháin Neamhghnách | 4 | 1% |
| FMAH | Frithghníomh Mall ag Aistriú Haemalaíoch | 42 | 7% |



## An Comhpháirt Fola Mhícheart Aistrithe

Chlúdaigh an catagóir seo 302 den 564 teagmhas ar fad agus, ag teacht leis na scéimeanna haemafaireachais eile a chruinníonn sonraí dá mhacasamhail, is é an catagóir is mó a tuairiscíodh. Cuimsíonn sé, freisin, earráidí agus easnaimh a bhain le táirgí fola ar nós frith-D (agus comhdhlúthúcháin fachtóra), óir ceadaíonn siad, freisin, measúnú ar chaighdeán na gcóras a fheidhmítear le haghaidh cleachtais aistriúcháin.

Ó 2001 i leith, roinneadh na teagmhais CFMA de réir na leibhéal troime, mar a leanas:

- Sainítear na teagmhais Léibhéal 1 mar chinn a bhfuil acmhainn buanghortaithe nó báis iontu, agus cuimsíonn siad fuil mhícheart don othar mícheart, agus aistriú comhpháirteanna táirgí fola nach bhfuil de dhíth. Le linn na dtrí bliana 2001-2003, rangaíodh 140 (52%) de na teagmhais CFMA uile a tuairiscíodh mar theagmhais leibhéal 1.
- Rangaíodh teagmhais leibhéal 2 mar chinn nár chosúil go dtarlódh buandochar dá mbarr. Idir 2001-2003 ceapadh 86 (31%) de na CFMA uile sa ghrúpa seo.
- Níl aon phriacal d'othair i dteagmhais leibhéal 3, ach léiríonn siad laigí sa chaighdeán seirbhíse a chuirtear ar fáil. Idir 2001-2003, tuairiscíodh 45 teagmhas dá shórt (17%).

Le linn na tréimhse ceithre bliana 2000-2003, fuarthas 18 tuairisc faoi aistriú mícheart na gceall dearg den ghrúpa ABO. I 12 ceann de na cásanna seo ní raibh na cealla dearga ABO-chomhoiriúnach. Eisíodh in iomlán 502,968 n-aonad ceall dearg agus lánfhola sa tréimhse seo. Mar sin de, bhí baol ann de thart ar 1:27,942 aonad eisithe go bhfaighfí aistriú ceall dearg ABO a bhí mícheart, agus de thart ar 1:41,914 aonad eisithe, go bhfaighfí aistriú ceall dearg nach raibh ABO-chomhoiriúnach.

## Rannpháirtíocht Reatha

Tá méadú leanúnach tagtha ar líon na dteagmhas a chuirtear chuig an ONH. Is féidir rathúnas na scéime chun dáta a chur síos go díreach d'obair agus do dhíograis na nOifigeach Haemafaireachais (HVOs) atá lonnaithe sna hospidéil, agus don tacaíocht a fhaigheann siad ó na saineolaithe míochaine aistriúcháin agus ó haemaiteolaithe comhairleacha. Ach, má táthar le tuairisciú a spreagadh, agus a chinntiú go mbeidh glacadh le moltaí na dtuairiscí, is gá tuilleadh oibre a dhéanamh.

**RANNPHÁIRTÍOCHT NA N-OSPIDÉAL (2000–2003)**

| Bliain | 2000 | 2001 | 2002 | 2003 |
|---|---|---|---|---|
| Teagmhas Curtha isteach | 37% | 50% | 49% | 58% |
| Neamhní le Tuairisciú | 31% | 27% | 44% | 42% |
| **Rannpháirtíocht** | **68%** | **77%** | **93%** | **100%** |

## Tionscadal na Neasteagmhas

I Samhain 2002 tionscnaíodh Tionscadal Taighde trí bliana chun Neasteagmhais aistriúcháin a scrúdú. Tar éis bliana inar díríodh ar thionscnamh an tionscadail agus ar oiliúint foirne i ngach ceann den deich suíomh i gceist, thosaigh an chéad suíomh lánoilte ag tuairisciú 'beo' i mBealtaine 2003, agus tháinig seacht suíomh eile isteach, ceann ar cheann, idir Bealtaine agus Nollaig 2003. Chríochnaigh an dá shuíomh a bhí fágtha a gcuid oiliúna agus thosaigh ag tuairisciú 'beo' in Eanáir 2004.

Tá na teagmhais á bpróiseáil agus á n-anailísiú tríd an gCóras um Thuairisciú Teagmhas Leighis na Mhíochaine Aistriúcháin (MERS-TM). Tá seo bunaithe ar phróiseas anailíse na bunchúise. Déantar tuairisciú gan ainm agus faoi rún, le gach suíomh ag cur sonraí ar fáil i gcóid uathúla na n-ospidéal.

Tá an anailís sonraí a leanas bunaithe ar líon sách beag teagmhas, ós rud é go bhfuil an tionscadal fós i dtús a shaoil. Ach, tá roinnt réimsí a bhfuil treochtaí suntasacha le feiceáil iontu cheana féin agus is cóir monatóireacht chúramach a dhéanamh orthu.

Seo a leanas na sonraí comhiomlána do 2003, ó shuíomhanna a sholáthraigh ábhar don tionscadal chun dáta. Tugann comhordaitheoir an tionscadail aiseolas ar leith do gach suíomh faoin anailís a rinneadh ar a gcuid sonraí, de réir mar a bhíonn treochtaí cinnte nó teagmhais/réimsí ardphriacail á nochtadh.

Tuairiscíodh 130 Neasteagmhas in iomlán idir Bealtaine agus Nollaig 2003. Fuarthas deich dtuairisc eile ach níorbh fhéidir iad a phróiseáil de bharr easpa eolais ar an bhfoirm, nó nach raibh an teagmhas ag teacht leis na critéir do Neasteaghmhais de réir shainmhíniú ONH. Bhí 84 teagmhas íosphriacail, 31 teagmhas mheánphriacail agus 15 teagmhas ardphriacail ann i 2003.

## Oideachas

Thug ochtar aoichainteoirí ó chulraí éagsúla toirbhirtí ag ceathrú Comhdháil Bhliantúil ONH i mbliana a tionóladh i mí Dheireadh Fómhair in Óstán Killashee House, An Nás, Co. Chill Dara.

Ba é téama an lae "Haemafaireachais – ó Choinceap go Réaltacht". Chlúdaigh na topaicí a toirbhríodh raon gnéithe haemafaireachais agus ábhar bainteach lena n-áirítear cuí-úsáid fola (nuabheireatais) agus saincheisteanna haemafaireachais i suíomhanna ospidéil agus saotharlainne.

Bhí thar 240 toscaire i láthair ó gach cearn d'Éirinn, le hionadaíocht shármhaith ó dhisciplíní éagsúla a bhí aistriúchán-ghaolmhara. Rinne an t-aoichainteoir, an Dr. Paul Ness, Stiúrthóir Rannán an Aistriúcháin Míochaine in Ospidéal Johns Hopkins, Maryland, SAM, samplaí a thairiscint óna gclár haemafaireachais i dtaca le FMAH, a raibh lipéidí míchearta orthu, agus frithghníomhartha aistriúcháin ó phláitíní seipteacha.

## Iniúchadh na Scéime

Rinneadh dhá iniúchadh i 2004 chun éifeacht scéim ONH a mheas. Thomhais an chéad iniúchadh leibhéal an tsásaimh i measc na n-Oifigeach Haemafaireachais ospidéal-lonnaithe leis an tacaíocht a bhí á tairiscint ag an ONH. D'fhéach an dara ceann le léiriú a fháil ar na riachtanais a bhaineann le haemafaireachas éifeachtach ospidéal-lonnaithe. Ag éirí as torthaí na n-iniúchtaí seo forbrófar treoirlínte cuimsitheacha maidir le seachadadh caighdeánach an haemafaireachais.

# 12. CLÁRLANN SMIOR NEAMHGHAOLMHAR NA HÉIREANN



Bunaíodh Clárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann (IUBMR) i 1989 chun painéal deontóirí saorálacha a sholáthar d'othair Éireannacha agus idirnáisiúnta a bhfuil aistriúchán smeara de dhíth orthu mar theiripe leighis do choinníollacha ainciseacha áirithe agus do mhí-eagair mheitibileacha atá acu ó oidhreacht. Gheobhaidh formhór mór na n-othar Éireannach (94%) nach bhfuil deontóir sibhlíneach acu deontóirí cuímheaitseáilte ar phainéal Éireannach nó idirnáisiúnta.

Tá 18,436 deontóir ar an bpainéal faoi láthair. Ar bhonn míosúil, tugtar tíopaí fíocháin na ndeontóirí gan ainm don Bone Marrow Donors Worldwide (BMDW), lárbhunachar sonraí de thar 9 milliún deontóirí ar féidir le clárlanna ar fud an domhain é a chuardach thar ceann othar a bhfuil trasphlandú de dhíth orthu.

## Imeachtaí Clárlanna

Go dtí seo d'éascaigh CNSÉ 145 trasphlandú. Rinneadh 120 den 145 trasphlandú d'othair Éireannacha agus 25 d'othar idirnáisiúnta.


I 2004 d'éascaigh an chlárlann 16 trasphlandú thar ceann othar Éireannach (15) agus idirnáisiúnta (1). B'as na tíortha seo a leanas do na deontóirí: Éire (6), An Ghearmáin (4), SAM (4), An Iodáil (1), An Ollóin (1). Den 16 trasphlandú ba smior 12 acu, trasphlanduithe gascheall fola forimeallaí 3 cinn, agus ba thrasphlandú fola an chorda imleacáin 1 ceann amháin.

## Creidiúnú Clárlainne

Ó 1991 i leith tá CNSÉ clannaithe leis an World Marrow Donor Association (WMDA), eagraíocht a leagann síos caighdeáin oibríochtúla le haghaidh clárlanna smeara. Faoi láthair tá CNSÉ ag cur sonraí ar fáil do Thuarascáil Bhliantúil an WMDA. Tá critéir forbartha ag an WMDA do chreidiúnú clárlanna agus beidh CNSÉ ag cur isteach ar chreidiúnú i 2005.

## Ríomhairiú

I 2004 forbraíodh córas nua teachtaireachta a nascfaidh CNSÉ go díreach, trínár mbunachar sonraí 'Solar', le clárlanna idirnáisiúnta. Ligfidh Córas Faisnéise Deontóirí Smeara na hEorpa (EMDIS) do CNSÉ deontóirí a chuardach agus a shainaithint go díreach laistigh de na clárlanna rannpháirteacha. Tosóidh tástáil go luath i 2005 agus feidhmeoidh sé 'beo' níos déanaí i 2005.




## TRASPHLANDÁLACHA CSNÉ A ÉASCAÍODH 1992-2004

| | 1993 | 1994 | 1995 | 1996 | 1997 | 1998 | 1999 | 2000 | 2001 | 2002 | 2003 | 2004 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Othair Éireann | 1 | 5 | 6 | 13 | 8 | 15 | 10 | 11 | 9 | 15 | 12 | 1 |
| Othair Idirn. | 1 | 7 | 3 | 3 | 2 | 0 | 1 | 2 | 0 | 2 | 2 | 15 |

# 13. AN TSEIRBHÍS AFAIRÍSIS THEIRIPIGH



Tá gnáthaimh afairísis theiripigh á bhfeidhmiú ag Seirbhís Afairísis Theiripigh an LNF d'othair in ospidéil Bhaile Átha Cliath. Cuimsíonn na gnáthaimh a fheidhmítear malartú/liúcólaghdú plasma, malartú ceall dearg agus ídiú ceall dearg. Ar an bhfoireann, faoi threoir Chomhairleoir SFAÉ, tá altraí a oileadh i ngáthaimh afairísis theiripigh. Feidhmítear na gnáthaimh le cabhair trealaimh afairísis shoghluaiste. Baintear úsáid ach go háirithe as an teicneolaíocht bhuansreafa.

## Anailís Ghníomhaíochta

I 2004 feidhmíodh 401 gáthamh teiripeach. B'ionann seo agus méadú mór ar an ngníomhaíocht. Bhí malartú plasma i dtreis i mbunús na gcásanna seo (395). Rangaíodh thart ar 50% acu mar chásanna éigeandála. Rinneadh trí chás is caoga (12.9%) ag deirí seachtaine. Tharla an méadú seo ar ghnáthaimh éigeandála de bharr riachtanais 3 othar a raibh Purpúra Trombaicítipinic Trombóiseach (PTT) acu, agus léiríonn sé an fheasacht mhéadaithe atá ann faoin riocht agus na treoirlínte cleachtais a tugadh isteach le déanaí lena bhainistiú.

I mbliana, freisin, feidhmíodh 3 gnáthamh liúcólaghdaithe i gcás othar a raibh siondróim hipirliúcóicíteacha acu. Rinneadh malartú ceall dearg amháin agus 2 ídiú ceall dearg.

## Forbairt oideachais agus seirbhíse

Tugadh lánoiliúint don fhoireann uile sa chóras afairísis buansreafa. D'fhreastail triúr ball foirne ar na laethanta staidéir 'Successions' a d'eagraigh Gambro i mBealtaine agus i nDeireadh Fómhair. Bhí lá staidéir intí ann, freisin, ar fhreastail gach ball foirne Teiripeach air, faoi úsáid Cobe Spectra. Thug foireann altranais agus leighis SFAÉ toirbhirtí ag Lá Staidéir Altraí Afairísis na hÉireann (IANA) i mí Dheireadh Fómhair. Thug Sain-Altra Cliniciúil (CNS) afairísis theiripigh léachtaí faoi afairíseas d'altraí a bhí ag staidéar don Dioplóma iarchéime san altranas Duánach agus Haemaiteolaíoch i gColáiste na Tríonóide agus i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Cruthaíodh dhá ghrád foirne nua agus ceapadh baill foirne mar Bhainisteoirí Altranais Chliniciúil (CNM) I agus II. Cuireadh tús le hearcaíocht, freisin, do 2 altra foirne breise. Cuireadh an dara deilteoir ceall buansreafa in úsáid i Nollaig 2004.

# 14. AN T-AONAD RIANAITHE FAIGHTEOIRÍ



Aimsíonn an tAonad Rianaithe Faighteoirí na daoine a fuair Frith-D idir na blianta priacail 1977-79 agus 1991-94 agus tairgeann sé tástáil dóibh mar chuid d'iarobair an Chláir Scagthástála Frith-D VHC a bunaíodh i 1994.

Ina theanntasan bainistíonn sé clár Athdhearbhaithe Frith-D a thairgeann atástáil do gach faighteoir a fuair toradh diúltach ach a nochtadh do dhol Frith-D a bhí ionfhabhtaithe nó a fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe trína gnáthdhochtúir. Bunaíodh an Clár seo ag an Sainghrúpa, grúpa ildisciplíne a cheap an tAire Sláinte agus Leanaí. Go dtí seo tástáladh 9,684 faighteoir faoin gClár Athdhearbhaithe. San áireamh anseo bhí roinnt ban a tástáladh faoin gClár Athdhearbhaithe, ach ar chualamar ó shin go bhfuair siad dola neamh-ionfhabhtaithe nó dola nárbh eol a sonraí.

Tairgeann gné eile den chlár seo tástáil VHC d'fhaighteoirí aistriúcháin a fuair fuil sular tionscnaíodh an tástáil VHC le haghaidh deonachán fola i nDeireadh Fómhair 1991. Déanann sé imscrúdú, freisin, ar ionfhabhtuithe aistriúcháin amhrasacha a thuairiscigh na gairmiúlaithe sláinte don Oifig Náisiúnta Haemafaireachais i SFAÉ.

Cé gur tástáladh thar 68,000 duine faoin gClár Scagthástála Frith-D, níor tástáladh gach duine a nochtadh, agus tá an tAonad Rianaithe Faighteoirí ag iarraidh, i gcomhar leis na hospidéil, teacht ar dhaoine nach eol dóibh féin, b'fhéidir, go bhfuair siad Frith-D le linn na dtréimhsí priacail. Go dtí seo fuair an 1,020 faighteoir, ar tugadh dola Frith-D in-ionfhabhtaíoch dóibh, toradh Eliza-dhearfach ar scagthástáil le haghaidh Heipitíteas C. Bhí an chuid eile Eliza-dhiúltach.

# 15. TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE




Tá feidhm thacaíochta fhíorthábhachtach ag an bhfoireann TF laistigh de SFAÉ. Is é ár gcuspóir, go mbeadh córas TF ann a thugann seirbhís éifeachtach agus éifeachtúil don eagraíocht, agus a chinntíonn uas-sábháilteacht na ndeontóirí agus ardchaighdeán ár dtairgí.

## Progesa

I rith na bliana thachaigh foireann tiomanta de chúigear sárúsáideoirí ó TF, leis an gcóras Progresa. Chruthaigh an córas a bheith an-urrúnta agus d'fhreastal sé go rathúil ar riachtanais na heagraíochta.

## Comhéadain Uathoibríocha Saotharlainne

Tharla roinnt forbairtí sa réimse seo i 2004, trína n-aistrítear torthaí ó fhearais thástála na saotharlanna éagsúla chuig Progresa.

**Córas Grúpála Gaillileo:** coimisiúnaíodh gléas nua grúpála do IARM a raibh forbairt scripteanna de dhíth air chun torthaí a chomhtháthú in Progresa.

**LNF TAN:** Lean forbairt an chórais TAN a feidhmíodh i 2004. Forfheidhmíodh, freisin, córas clárlannaíochta a bhí lánbhailíochtaithe.

**Comhtháthú thástáil VCM:** Éascaíodh an t-athrú teicneolaíochta le haghaidh thástáil VCM i saotharlanna.

## eProgesa

Chinn an Fhoireann Bhainistíochta leagan nua de Progesa a fheidhmiú mar go dtugann sé

- Bunachar sonraí lántagarthach
- Ardteicneolaíocht nua
- Nuashonrú laethúil ar an bhfaisnéis atá ar fáil faoinár gclinicí soghluaiste, agus
- An fhéidearthacht go mbeadh tuairiscí bainistíochta níos mionsonraithe agus níos úsáidí le tarraingt as.

Tosaíodh an tionscadal eProgesa sa cheathrú ráithe de 2004. Chuir an fhoireann TF lánsainiú tionscadail ar fáil don tionscadal seo, a chuimsíonn am, costas agus modúil d'ardcaighdeán. Tionscnaíodh céim a haon, le riachtanas bailíochtaithe an tionscadail a shainaithint, ag deireadh 2004. Tionscnaíodh próiseas tairisceana, freisin, do riachtanais chrua-earraí ag deireadh 2004. Ceapadh bosca tástála le bogearraí eProgesa agus insealbhaíodh sonraí Progesa ann i mí na Nollag.

## Comhtháthú Fholáireamh BacT

Thacaigh an roinn TF le feidhmiú córais fholáirimh BacT sa LNF, d'fhonn an fás baictéarach laistigh de phláitíní a anailísiú.

## Smior

Éilíonn na forbairtí eolaíochta a bhíonn ag síorathrú, nuashonrú agus forbairt leanúnach ar bhunachar sonraí an Smeara i SFAÉ.

## Meaitseáil Phláitíní

Tá an bunachar sonraí le haghaidh mheaitseáil na bpláitíní cosúil lena bhfuil ann don smior agus, arís, tharla forbairt shuntasach air i 2004. Is feidhmiú é bunachar sonraí na bpláitíní atá lánghéilliúil don DCD (dea-chleachtas déantúsaíochta).

## Haemafaireachas

Níorbh fhéidir teacht ar aon chóras idirnáisiúnta a sholáthródh an leibhéal feidhmiúlachta a bhí á éileamh ag SFAÉ. Mar sin de, d'fhorbair an fhoireann TF córas go hinmheánach. Bhí córas lánfhorbartha agus lánbailíochtaithe curtha ar fáil ag TF do na húsáideoirí faoi dheireadh 2004. Chuir údaráis bhaincéireachta fola eile suim sa chóras seo mar threoir dá riachtanais féin.

## EMDIS

I rith na bliana chuaigh Éire, le naoi dtíortha eile den AE, isteach i gcóras cumarsáide Smeara an EMDIS, a ligean do na tíortha seo a gcórais éagsúla a chuardach do mheaitseana féideartha. Rinneadh lánfhorbairt ar na prótacail chumarsáide i 2004 agus bhí formhór na teicneolaíochta i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana.

## Tacar Modheolaíochta na hEagraíochta

Forbraíodh an chéad tionscadal tacair mhodheolaíochta don eagraíocht i 2004. Beidh an cháipéis seo mar bhonn le gach forbairt tionscadail feasta i SFAÉ. Is fo-thacar de mhodheolaíochtaí Prince 2 é an tacar modheolaíochta agus úsáideadh é don cháipéis shainithe tionscadail le haghaidh thionscadal eProgesa.

## Bonneagar Gréasáin

Rinneadh roinnt athruithe ar bhonneagar SFAÉ, ar tharla leasuithe ar ár nGréasán Leathan-Cheantair dá mbarr, mar a leanas:

**Foirgneamh Eatramhach Chorcaí:** Cuireadh áiseanna níos fearr ar fáil do IARM trí bhonneagar an ghréasáin a insealbhú i bhfoirgneamh eatramhach Chorcaí, ar síneadh é ar LAN IARM.

**Uasghrádú LAN an LNF:** Ceadaíonn uasghrádú chroílasc LAN an LNF rochtain níos gaiste ar shonraí, inleathnaitheacht agus forbairt níos mó ar thimpeallacht an ghréasáin. Soláthraíonn sé, freisin, bonneagar níos inmhuiníne agus níos cobhsaí.

**Aistriú Ionad Luimnigh:** Athlonnaíodh ionad Luimnigh in oifig nua, rud a d'éascaigh riachtanais an ionaid ar bhealach níos fearr.

**Clinic Phláitíní nua Chromghlinne:** Trí réitigh nua TF a insealbhú, bhíothas in ann Progesa a fheidhmiú ag Clinic Phláitíní nua Chromghlinne ar bhealach intaofa cobhsaí.

## Cosaint Postais Sheachtraigh

Forfheidhmíodh seirbhís níos iontaofa agus níos cobhsaí chun plé leis na bagairtí ar bhonneagar SFAÉ ó r-phoist sheachtracha. Rinneadh amhlaidh chun na seirbhísí le SFAÉ a fheabhsú agus chun an eagraíocht a chosaint ar phriacal síormhéadaithe ó THURSCAR poist agus ó víris.

## Fionnadh agus Cosc Víris

Forfheidhmíodh réiteach an stáisiúin oibre lárbhainistithe ó thaobh víris de, d'fhonn an gréasán a chosaint ar phriacal méadaithe na víreas. Tugann an réiteach seo cosaint ar víris dúinn atá níos uathoibrithí agus a chinntíonn go bhfuil cosaint nuachóirithe againn ar víris na heagraíochta.

## Pearsanra na TF

Tá foireann TF reatha comhdhéanta de 16 ball agus roinnt conraitheoirí a fhaightear ó am go ham chun tacú leis na forbairtí thuasluaite agus chun tacaíocht TF a sholáthar don 600 pearsa atá lonnaithe in ocht mbuansuíomh, le 6 aonad soghluaiste ar an mbóthar acu mórán gach lá. Tá breis agus 350 ríomhaire pearsanta in úsáid ar fud na haegraíochta agus feidhmchláir éagsúla acu, céimeanna éagsúla coimpléasachta agus riachtanas éagsúla faoi phrótacail an Dea-Chleachtais Déantúsaíochta (DCD).

# 16. ACMHAINNÍ DAONNA



Rinneadh forbairt mhór ar fheidhm na nAcmhainní Daonna i rith na bliana seo caite. Feabhsaíodh ról straitéiseach na AD a thuilleadh laistigh de SFAÉ nuair a earcaíodh Bainisteoir Comhshaoil, Sláinte agus Sábháilteachta don Lárionad Náisiúnta Fola, agus Ginearálaí Acmhainní Daonna atá lonnaithe in Ionad Aistriúcháin Réigiúnach na Mumhan.

## Caidreamh le Fostaithe

### Grúpa Stiúrtha na Comhpháirtíochta

Cuireann Comhpháirtíocht an deis ar fáil chun sruth cumarsáide déthreoch a sholáthar idir an bhainistíocht agus an fhoireann agus is fóram í inar féidir fadhbanna a chomhréiteach. Réitíonn sé an bealach, freisin, chun athruithe a chur i gcrích. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Chomhpháirtíocht SFAÉ (GSC), ar ainmniú ionadaithe na bainistíochta ag an bPríomh-Fheidhmeannach agus ionadaithe foirne ag an gceardchumann. Cuireann Fóram Comhpháirtíochta na Seirbhísí Sláinte (HSNPF) éascaitheoir ar fáil don Ghrúpa Stiúrtha, sa tslí go bhfuil ballraíocht d'fhiche duine in iomlán ann. Fuair na baill oiliúint fhairsing lena chinntiú go raibh comhthuiscint acu ar phróiseas na comhpháirtíochta. Tagann an grúpa le chéile uair sa mhí i mBaile Átha Cliath nó i gCorcaigh, le gach tríú cruinniú i gCorcaigh. Feidhmíonn baill an GSC mar cheannairí agus mar éascaitheoirí chun cultúr na comhpháirtíochta a spreagadh agus a fhorbairt san eagraíocht.

Tá Grúpa Stiúrtha na Comhpháirtíochta tiomanta d'oibriú mar fhoireann trí chomhaontú agus chomhfhreagracht:

- chun comhchuspóirí a shainaithint
- chun feabhsúcháin agus athruithe a chur i gcrích i SFAÉ
- chun caidreamh oibre níos fearr a chothú do chách
- chun saincheisteanna eagrúcháin a réiteach ag an leibeál náisiúnta

Thug ionadaithe an Ghrúpa Stiúrtha cuairt ar ionaid ar fud na tíre chun próiseas na comhpháirtíochta a chothú agus a chur chun cinn. I measc na bpríomhthionscadal forbartha eagraíochta a tionscnaíodh i 2004 trí phróiseas na comhpháirtíochta, bhí an tAthbhreithniú ar Chlinic Dheonacháin Fola Shráid d'Olier agus tionscnamh na Luachanna Eagraíochtúla.

### Buanú an Chuir Chun Cinn agus Tagarmharcáil

Cuireadh an tríú céim den Phróiseas Ráthaithe Feidhmíochta i gcrích i nDeireadh Fómhair 2004. Éilíonn an próiseas seo ar chinn eagraíochtaí laistigh den earnáil shláinte, tuairiscí a ullmhú agus a chur ar fáil faoin dul chun cinn ar aimsiú na gcuspóirí a leagadh amach i dteimpléid an phlean

gníomhaíochta, a aontaíodh don earnáil ag an bhFóram Náisiúnta Comhpháirtíochta agus a d'fhaomhaigh an Grúpa Ráthaithe Feidhmíochta. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar ár gcuspóirí go dtí seo agus léiríodh sin sa tuairisc dheiridh uainn faoin dul chun cinn. Féachann SFAÉ ar an bpróiseas seo mar dheis chun fíorathruithe a fheidhmiú san eagraíocht le linn shaol an chomhaontaithe seo.

### Oiliúint agus Forbairt

Cuireadh beartas oiliúna agus forbartha i bhfeidhm, leis na hinniúlachtaí eagraíochtúla mar chreat chuige. Forbraíodh na hinniúlachtaí eagraíochtúla do SFAÉ i gcomhar leis an obair chuimsitheach a rinne an Oifig um Bainistiú Sláinte. Dá thoradh seo forbraíodh Beartas Oiliúna agus Forbartha do 2004 de réir na gcaighdeán cleachtais is fearr. Maraon leis an oiliúint leanúnach chun scileanna teicniúla a fhorbairt, gnáthaimh oibre a fheidhmiú, caighdeáin cháilíochta a fhorfheidhmiú, agus feasacht faoin mbeartas AD a chothú, chuimsigh na príomhthionscnaimh oiliúna breise san eagraíocht i 2004:

- Oiliúint do níos mó ná 100 ball foirne san ábhar 'Tosaíonn Seirbhís Liomsa', agus é sin dírithe ar shaincheisteanna seirbhíse túslíne do dheontóirí/chustaiméirí.
- Oiliúint agus tástáil le haghaidh Cheadúnas Tiomána Ríomhairí na hEorpa (CTRE), chun caighdeán níos airde ríomhlitearthachta a bhunú laistigh de SFAÉ.
- Oiliúint do gach ball foirne faoin mBeartas um Dhínit ar Obair.

### Sláinte & Sábháilteacht na Timpeallachta

Seoladh Ráiteas Sabháilteachta máthartha SFAÉ le linn an tsamhraidh. Cinntíonn an Bainisteoir S&ST, i gcomhar leis an mBainisteoir Náisiúnta Ráthaithe Caighdeán, an Bainisteoir Áiseanna agus an Bainisteoir Oiliúna agus Forbartha, go bhforfheidhmítear ar fud SFAÉ na caighdeáin reachtúla agus an sárchleachtas rialála maidir le sláinte agus sabháilteacht na timpeallachta.

## Tionscadail AD

### Lámhleabhar Acmhainní Daonna na Foirne

I mí Aibreáin sheol SFAÉ Lámhleabhar Acmhainní Daonna d'Fhoireann SFAÉ. Tharla seo tar éis athbhreithnithe sheachtraigh ar an bhfeidhm AD i 2002, na straitéise AD a cheap an Stiúrthóir AD i 2003 agus bhunchuspóir na roinne AD maidir le sárchleachtais AD a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú i leith gach páirtí leasmhar i SFAÉ.

Cabhraíonn an lámhleabhar le gach ball foirne oibriú i dtreo:

- Tuiscint níos fearr ar na beartais agus cleachtais AD
- Forfheidhmiú na mbeartas agus na gcleachtas AD ar mhodh comhsheasmhach cothrom
- An Dámhachtain um Fheabhas Trí Dhaoine

Tá cuid mhaith de na beartais bunaithe ar reachtaíocht agus meastar iad a bheith ina sárchleachtais AD. D'fhormhuinigh na ceardchumainn iad ag an leibhéal náisiúnta le Gníomhaireacht Fostóirí na Seirbhísí Sláinte. Is cáipéis bheo í a ndéantar nuashonrú leanúnach uirthi chun sárchleachtas AD agus riachtanais na reachtaíochta a léiriú.

## Córas Faisnéise na nAcmhainní Daonna

Tionscnaíodh an Córas Fáisnéise AD/Párolla (CFAD) chun na feidhmeanna AD agus Párolla a chomhordú agus a shruthlíniú. Ba thionscnamh lánbhainistithe é seo a críochnaíodh in am agus laistigh dá bhuiséad.

## Suirbhé Aoráide Fostaithe

Rinneadh Suirbhé ar Aoráid na bhFostaithe ag deireadh an Fhómhair, 2004. Ba é an chéad uair a ndearnadh tionscnamh dá shórt i SFAÉ. Fuarthas ráta freagartha 69%, ag baint úsáid as roghanna ar-líne agus an cheistneora páipéir, agus éascaíodh rannpháirtíocht sa suirbhí sna réigiúin agus go lárnach. Cóimheasadh na freagraí agus cuireadh an t-aiseolas ar fáil don fhoireann faoi Nollaig 2004, agus b'as sin a ceapadh an Plean Gníomhaíochta a bhí le feidhmiú i 2005.

| | |
|---|---|
| An Lárionad Náisiúnta Fola | 311 |
| Clinic Dheontóirí D'Olier | 56 |
| Baile Átha Fhirdhia | 32 |
| Ceatharlach | 33 |
| Corcaigh | 129 |
| Luimneach | 34 |
| Tuaim | 26 |
| Stigh Lorgan | 11 |

(Tharla athruithe buanfhoirne de 6.8%)

# 17. CUMARSÁID




Ainmníodh agus gearrliostáladh www.ibts.ie do Dhámhachtainí ríomh-Rialtais na hÉireann. Tá an-tóir ag an mórphobal ar ár seoladh r-phoist info@ibts.ie i gcónaí, le 912 fiosrú bhailí i 2004. Titim de 25% é ag an seoladh r-phoist seo ón mbliain roimhe. Tá ilphointí teagmhála ar an láithreán gréasáin anois agus sáraíodh an laghdú gníomhaíochta úd ag an seoladh r-phoist ginearálta, le leibhéal gníomhaíochta méadaithe ag contactus@ibts.ie, clinics@ibts.ie agus bonemarrow@ibts.ie.

Cuimsíonn na fiosruithe réimse leathan ábhar, ó mhic léinn ag déanamh taighde do thionscadail go deontóirí ag athrú a sonraí pearsanta agus ag lorg eolais ar impleachtaí vacsaínithe, míochaine agus taistil thar lear, d'ionch※áilitheacht daoine le deonachán a thabhairt.

Tairgeann an láithreán, freisin, áis do dheontóirí chun coinní a dhéanamh go díreach leis an gclinic dheonacháin i Stigh Lorgan trí stillorgan@ibts.ie.

## Foilseacháin

D'fhoilsigh SFAÉ an 7ú eisiúint den Donor Digest i 2004. Is nuachtlitir faisnéise ceithre leathanach do dheontóirí é an Donor Digest, atá ar fáil i gclinicí ar fud na tíre.

Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil 2003 i mí Iúil. Foilsíodh Achoimre an Fheidhmeannaigh ar Thuarascáil na hOifige Náisiúnta Haemafaireachais i Meán Fómhair agus bhí an tuarascáil iomlán ar fáil i mí na Nollag. Cuireadh críoch le hathdhearadh agus nuashonrú na mbileoga faisnéise deontóra, freisin, i 2004.

Tá ár bhfoilseacháin uile ar fáil ag www.ibts.ie.

## Saoráil Faisnéise

Fuair SFAÉ 11 iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise i 2004. Cuireann SFAÉ miontuairiscí an Bhoird ar fáil ar an láithreán gréasáin, tar éis a ndaingnithe ag an mBord agus faoi réir SF.

## Cumarsáid Inmheánach

Tionscnaíodh dhá phríomhstraitéis cumarsáide inmheanaí i 2004, forfheidhmiú próisis struchtúrtha faisnéisnithe don fhoireann, a tháinig i bhfeidhm i mí Márta, agus forbairt inlín mar acmhainn don fhoireann. Thosaigh an láithreán seo ag feidhmiú in Aibreán 2004.

Tháirg Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise Cumarsáide Inmheanaí 4 eisiúint de Staff Update, nuachlitir ráithiúil d'fhoireann uile SFAÉ. Tháirg an grúpa bliainiris agus dialann foirne, freisin, do 2005.

# 18. AIRGEADAS




| | 2004<br>€'000 | 2003<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Ioncam Athfhillteach | 97,346 | 99,244 |
| Ioncam Neamh-Athfillteach | 291 | 79 |
| | .............. | .............. |
| Ioncam Iomlán | 97,637 | 99,323 |
| **Caiteachas** | | |
| Caiteachas Iomlán | 96,549 | 94,055 |
| | .............. | .............. |
| Barrachas don bhliain | 1,088 | 5,268 |
| Cúlchiste carnaithe ar an 1ú Eanáir | 14,677 | 9,409 |
| | .............. | .............. |
| Cúlchiste carnaithe ar an 31ú Nollaig | 15,765 | 14,677 |
| | .............. | .............. |

## Ioncam

Déantar ioncam iomlán an Bhoird de €97.6 milliún i 2004 (€99.3 milliún i 2003) a anailísiú mar ioncam athfhillteach agus ioncam neamh-athfhillteach.

Tá an t-ioncam athfhillteach comhdhéanta d'airgead a gineadh as táirgí agus seirbhísí de €97.3 milliún (€99.2 milliún i 2002) a tugadh d'ospidéil. Gineann an Bord ioncam go príomha trí chostas a ghearradh ar ospidéil as na táirgí agus seirbhísí a sholathraíonn sé. Mhéadaigh an Bord de 8% an praghas a ghearrann sé ar ospidéil le haghaidh fola agus comhpháirteanna fola. Ach laghdaíodh an praghas ar tháirgí fola athchuingreacha, de bharr athrú táirgí tar éis comórtais tairsceana agus athrú ar stádas CBL na dtáirgí seo, sa dóigh gur díothaíodh CBL ón bhfigiúr díolacháin. San aireamh, freisin, tá maoiniú díreach de €0.5 milliún (€1.3 milliún i 2003) a fuarthas ón Roinn Sláinte agus Leanaí maidir le caiteachas a bhain leis an gclár Heipitítis C.

Cuimsíonn an t-ioncam neamh-athfhillteach i 2004 an t-ús a saothraíodh ar éarlais agus ar fháltais de bharr díolacháin sócmhainní seasta.

## Caiteachas

Bhí caiteachas €96.5 milliún ann i 2004, nó méadú €2.5 milliún ar 2003. Bhain an méadú caiteachais i rith na bliana go príomha le forfheidhmiú comhaontuithe náisiúnta pá laistigh san eagraíocht, tionscnamh tastála TAN sa Lárionad Náisiúnta Fola agus tionscnamh scagthástála baictéaraí na bpláitíní. Chosain ceannach na dTáirgí Fola a bhí le hathdhíol €5.4 milliún níos lú i 2004 de bharr athrú na dtáirgí tar éis comórtais tairisceana agus athrú ar stádas CBL na dtáirgí seo, sa dóigh gur díothaíodh CBL as an bhfigiúr caiteachais.

## Caiteachas Caipitil

Infheistíodh caiteachas €6.4 milliún i dtionscadail chaipitiúla i 2004. Rinneadh na príomh-infheistíochtaí in áitribh, le thar €3m á chaitheamh ar athchóiriú ionad Chorcaí, ar bhreis chóiríochta sealadaí agus ar aistriú áitreabh Luimnigh chuig suíomh nua. I measc an trealaimh a ceannaíodh i rith na bliana, bhí inneall nua do Ghrúpáil Deontóirí i gCorcaigh agus inneall tástála VCM nua do na saotharlanna Víreolaíochta i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh. Rinneadh infheistíocht shuntasach, freisin, i dtrealamh le linn 2004 chun cabhrú le forbairt agus seoladh tionscadal Scagthástáil Bhaictéarach na bPláitíní, maraon le infheistíocht mhór in athnuachan mhótarflít na veaineanna agus cóistí agus beartas leantach infheistíochta i gcórais faisnéise teicneolaíochta.

## Athruithe suntasacha

Tionscnaíodh pleanáil córais chomhtháite bhainistíochta le linn 2003, d'acmhainní daonna agus phárolla ar fud an eagrais. Tar éis comhairliúcháin agus páirteachais fhairsing le gach roinn agus trasna gach láthair den eagraíocht, forbraíodh mionsonraíocht de riachtanais an úsáideora. Roghnaíodh córas comhtháite 'Core' tar éis comórtais thairisceana agus feidhmíodh na modúil párolla, acmhainní daonna agus earcaíochta le linn 2004. Cheana féin, tá an córas in úsáid chun íocaíochtaí shiarghabhálacha a áireamh d'fhostaithe agus tá feabhas curtha ar chaighdeán na sonraí párolla a lódáladh sa chóras airgeadais. Nuair a bheidh na modúil uile ag feidhmiú, cabhróidh an córas le bainisteoirí chun pleanáil a dhéanamh agus chun acmhainní daonna a rialú.

I rith na bliana dhírigh an eagraíocht ar phróiseas bainistíochta riosca. Tar éis comhairliúcháin fhairsing le raon leathan fostaithe, cuireadh dréachtchlár riosca le chéile. Faoi dheireadh na bliana bhí an obair faoi lán seoil, ach bhí roinnt míreanna gníomhaíochta fós le críochnú chun plé le rioscaí áirithe, agus roinnt amchreata le haontú, agus bhí an eagraíocht ag sannú freagrachta as na míreanna gníomhaíochta a bhí de dhíth. D'athbhreithnigh Coiste Iniúchóireachta an Bhoird an próiseas uile agus táthar ag súil leis an bpróiseas a fhoirfiú le linn 2005. Meastar go mbeidh an clár riosca ina áis shuntasach bhainistíochta chun plé leis na rioscaí atá roimh an eagraíocht agus ina cháipéis chriticiúil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí atá aitheanta.

## Reachtaíocht Prasíochaíochta

Tá an Bord géilliúil do riachtanais na reachtaíochta prasíocaíochta, seachas mar a bhfuil luaite thíos. Is é an cairde caighdeánach a ghlacann an Bord, mura sonraítear a mhalairt i sainsocruithe conartha, 30 lá ó dháta an tsonraisc nó ón dáta a dheimhnítear gur glacadh leis na hearraí nó le seirbhísí atá faoi réir íocaíochta. Is é beartas an Bhoird a chinntiú go n-íoctar gach cuntas go pras. Le linn na bliana dár chríoch 31 Nollaig 2004, faoi théarmaí na reachtaíochta infheidhmithe, bhí 214 sonrasc de luach €3,102,496 in iomlán 44 lá mall ar an meán. B'ionann na sonraisc seo agus 1.88% de réir lín agus

5.51% de réir luacha, den íocaíocht iomlán do sholáthróirí earraí agus seirbhísí don bhliain. Íocadh €8,489 mar ús iomlán i leith na n-íocaíochtaí malla. Déanann an Bord athbhreithniú go leanúnach ar a ghnáthaimh riaracháin d'fhonn an t-am a chaitear le fiosruithe agus le réitigh ar na sonrasc a íoslaghdú.

# 19. RIALACHAS CORPARÁIDEACH





Is polasaí an Bhoird é na chaighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a choinneáil, de réir beartas agus cleachtas a bhfuil gnáthghlacadh leo. Tá an Bord freagrach don Aire Sláinte agus Leanaí.

## Comhlíonadh an Chóid Chleachtais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá an Bord tiomanta do chomhlíonadh na bhforálacha ábhartha den Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais i 2001.

Fuair SFAÉ le linn na bliana, tuairiscí ar an rialú inmheánach agus ar shaincheisteanna imní leantacha. Athbhreithníonn an Bord go rialta tuairiscí Bhord Míochaine na hÉireann ar rialuithe oibríochtúla agus comhaill agus ar bhainistiú priacal. Leanfaidh an Bord ag athbhreithniú na dtuairiscí seo agus ag obair go dlúth le BMÉ chun na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a chinntiú.

## Córas Feidhmithe an Bhoird

Tá dháréag comhaltaí ar an mBord, lena n-áirítear an Cathaoirleach neamhfheidhmeannach a cheapann an tAire Sláinte agus Leanaí.

Tagann an Bord le chéile gach mí. Faigheann gach comhalta eolas cuí trathúil, chun gur féidir dualgais an Bhoird a chomhlíonadh. Glacann an Bord le comhairle atá cuí, neamhspleách agus gairmiúil nuair is gá.

## An Coiste Comhairleach Míochaine

Ar an gCoiste Comhairleach Míochaine tá na comhaltaí Boird atá cáilithe i gcúrsaí leighis maraon leis an bhfoireann chomhairleach leighis, agus tagann siad le chéile go míosúil. Is í an fheidhm atá aige, monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha i réimse na míochaine aistriúcháin agus réimsí bainteacha, forbairtí dá shórt a thuairisciú don Bhord agus an Bord a chomhairliú faoin ngníomhaíocht chuí.

## An Coiste Airgeadais

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile seacht n-uaire le linn na bliana agus tá triúr comhaltaí Boird air. Freastalaíonn an Príomh-Fheidhmeannach, an Stiúrthóir Náisiúnta Míochaine, An Stiúrthóir Airgeadais agus an Cuntasóir Bainistíochta air. Tig leis an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ábhair a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Bhoird. Athbhreithníonn sé na buiséid bhliantúla caipitil agus oibriúcháin, cuntais bhainistíochta, árachas, soláthar, beartas ciste agus socruithe baincéireachta agus maoinithe. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord maidir le tuairiscí bainistíochta agus airgeadais agus tugann sé comhairle faoi chinnteoireacht ábhartha. Feidhmíonn an Coiste Airgeadais faoi théarmaí foirmeálta tagartha.

## An Coiste Iniúchóireachta

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile ceithre huaire i rith na bliana agus tá triúr comhaltaí Boird air. Freastalaíonn an Príomh-Fheidhmeannach, An Stiúrthóir Náisiúnta Míochaine, an Stiúrthóir Airgeadais, an Stiúrthóir Acmhainní Daonna, an Cuntasóir Bainistíochta agus an tIniúchóir Inmheánach air freisin. Tig leis an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ábhair a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Bhoird. Athbhreithníonn sé na ráitis airgeadais bhliantúla, tuairiscí an Iniúchóra Inmheánaigh, na beartais cuntasaíochta, comhlíonadh na gcaighdeán cuntasaíochta agus impleachtaí cuntasaíochta na n-idirbhearta móra. Casann na hiniúchóirí seachtracha leis an gCoiste chun torthaí iniúchóireacht na bliana ar ráitis airgeadais an Bhoird a athbhreithniú. Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta faoi théarmaí foirmeálta tagartha.

## Gnóthas Leantach

Tar éis fiosruithe réasúnta a dhéanamh tá dóchas reasúnta ag na stiúrthóirí go bhfuil leoracmhainní ag SFAÉ chun bheith ag maireachtáil go feidhmiúil sa todhchaí inbhraite. Ar an ábhar sin, leanann siad ag feidhmiú ar bhonn gnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

## Rialú Inmheánach

Tá na comhaltaí Boird freagrach as rialú inmheánach SFAÉ, agus as athbhreithniú a dhéanamh ar a héifeachtúlacht. Cuimsíonn córas inmheánach an Bhoird maidir le rialú airgeadais, na rialuithe sin a ceapadh chun ráthaíocht réasúnta a thabhairt maidir le:

- Sócmhainní a chosaint ar úsáid nó ar dhiúscairt neamhúdaraithe; agus
- Taifid chuí chuntasaíochta agus faisnéis iontaofa airgeadais a choinneáil i bhfeidhm san eagraíocht.

Is iad seo a leanas na príomheilimintí de chóras inmheánach an Bhoird um rialú airgeadais:

- Córas cuimsitheach maidir le tuairisciú airgeadais, cuntasaíocht, bainistiú ciste agus measúnú ar thionscadail;
- Teorainneacha agus gnáthaimh léirshainithe maidir le caiteachas airgeadais, lena n-áirítear caiteachas soláthair agus caipitiúil;
- Buiséid bhliantúla an Bhoird ina mbíonn na costionaid sannaithe do bhainisteoirí buiséid;
- Monatóireacht feidhmíochta in aghaidh buiséid ar bhonn míosúil, agus tuairisciú don Bhord ina taobh;
- Struchtúr eagraíochta atá léirshainithe, le leithscaradh cuí ar dhualgais agus teorainneacha údaráis;
- Feidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithníonn na príomhchórais agus na príomhrialuithe airgeadais, agus feidhmeanna ginearálta na heagraíochta; agus
- Coiste iniúchóireachta a fhaomhann na pleananna iniúchóireachta agus a phléann le cibé ceisteanna rialaithe suntasacha a ardaítear tríd an iniúchadh inmheánach nó seachtrach, agus a fhaomhann na ráitis airgeadais bhliantúla sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird iad.

Tuigeann an Bhord gur ceapadh an córas rialaithe inmheánach chun bainistiú, seachas díthiú, a dhéanamh ar an mbaol nach n-aimseofar na cuspóirí gnó. Ní thig leis an rialú inmheánach ach ráthaíocht réasúnta, seachas ráthaíocht iomlán, a thabhairt maidir le míráitis nó cailliúint ábhartha.

## Ráiteas maidir le Dualgais na gComhaltaí Boird

Faoi réir an Ordú um an tSeirbhís Fuilaistriúcháin Náisiúnta (Bunaíocht) 1965, caithfidh an Bord ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, de réir dlí agus caighdeán cuntasaíochta cuí na hÉireann, dearcadh fíor cothrom a thabhairt faoin staid ina bhfuil Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann agus a ioncam agus caiteachas don bhliain sin. Ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin dó, ní mór don Bhord:

- Polasaithe cuí cuntasaíochta a roghnú agus a fheidhmiú;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin cuntasaíochta bainteacha a nochtadh agus a mhíniú;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, murar míchuí a mheas go leanfaidh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann ag feidhmiú.

Tá an Bord freagrach as leabhair cuntais chuí a choinneáil a nochtann go cruinn réasúnta, tráth ar bith, staid airgeadais Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, agus as cuidiú léi a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis an ordú. Tá sé freagrach, freisin, as sócmhainní Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh, dá réir sin, chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

## Comhaltaí an Bhoird

Ms M McGrath, Cathaoirleach

An Dr G Crotty (chríochnaigh a théarma ceapacháin aran 31/08/04)

An Dr H Enright (chríochnaigh a théarma ceapacháin ar an 31/08/04)

An Dr M Horgan

An Dr L Keane

Mr D Keenan

Mr D Lowe

Ms V Mannix

Mr T McNamara

An Dr C Van Der Poel

Mr S Wyse

Ms Jane O'Brien (ceaptha ar an 01/11/04)

An Dr Mary Cahill (ceaptha ar an 01/11/04)

## Iniúchóirí

An tArd-Reachtaire Cuntais agus Ciste

Teach an Chiste

Clós an Chaisleáin Íocht.

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2

## Aturnaetha

McCann Fitzgeralt Aturnaetha

2 Plás an Mháistir Cuain

Duga Theach an Chustaim

Baile Átha Cliath 1

## Baincéirí

Banc-Aontas Éireann

Sráid an Dáma

Baile Átha Cliath 2

# 20. SONRAÍ TEAGMHÁLA



## Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**An Lárionad Náisiúnta Fola**
Sráid Shéamais, BÁC 8
t: 01 4322800
f: 01 4322930
e:info@ibts.ie
www.ibts.ie aertel lch691 Eolaslíne deontóra 1850731137

**Ionad Aistriúcháin Réigiún na Mumhan**
Ospidéal Nmh. Fionnbarra
Bóthar na Dhughlaise
Corcaigh
t: 021 4807400
f: 021 4313014

**Clinic Dheontóra Bhaile Átha Cliath**
2-5 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
t: 01 6703366

**Clinic Dheonacháin Fola Stigh Lorgan**
6 Sean-Bhóthar Bhaile Átha Cliath
Stigh Lorgan
Co Bhaile Átha Cliath
t: 1850 808 808

**Ionad Bhaile Átha Fhirdhia**
Sráid Eoin
Baile Átha Fhirdhia
Co Lú
t: 041 6859994
f: 041 6859996

**Ionad Cheatharlach**
Eastáit Thionsclaíoch Bhaile Chearnáin
Br. Bhaile Haicéid
Ceatharlach
t: 059 9132125
f: 059 9132163

**Ionad Luimnigh**
Teach na Carraige
Ascal Chloch Uí Chéitinn
Páirc Ghnó an Ráithín
Luimneach
t: 061 306980
f: 061 306981

**Ionad Tuama**
Aonad 49
N17 Páirc Ghnó
Tuaim
Co na Gaillimhe
t: 093 70832
f: 093 70587